Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024

## Scéim Mharcála

## Gaeilge

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Páipéar 1 (160 marc)

| **Cuid I** | **An Chluastuiscint** | **60 marc** |
|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| { | **(i)** | Tuiscint | = **60** marc | } |
| { | | | | } |
| { | **(ii)** | Cumas Gaeilge | - **(0-3)** marc | } |
| { | | | | } |
| { | **(iii)** | **Iomlán** | = | } |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **18 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 2 mharc x 5 | = | 10 marc |
| Fógra 2: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| | **10 + 8** | **=** | **<u>18 marc</u>** |
| **Cuid B:** | **28 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| Comhrá 2: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| | **14 + 14** | **=** | **<u>28 marc</u>** |
| **Cuid C:** | **14 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| Píosa 2: | 2 mharc x 3 | = | 6 mharc |
| | **8 + 6** | **=** | **<u>14 mharc</u>** |

**Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.**

# An Triail Chluastuisceana

# Cuid A

### Fógra a hAon (Canúint Uladh)

An príomhoide anseo. A scoláirí, tá ár scoil, Coláiste na Carraige, ag glacadh páirte sa scéim *Gaelbhratach* den chéad uair i mbliana. Is é an aidhm atá leis an scéim *Gaelbhratach* ná úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa scoil. Tá fiche scoláire roghnaithe mar bhaill den choiste le haghaidh *Gaelbhratach* agus tá clár imeachtaí leagtha amach acu. I measc na n-imeachtaí a eagrófar, beidh seisiúin chomhrá, tráth na gceist, ceardlanna drámaíochta agus comórtais díospóireachta. Beidh ranganna ceoil ar siúl i Seomra na Gaeilge ag am lóin gach Céadaoin. Coinneoidh an coiste fillteán ina mbeidh tuairiscí ar na himeachtaí a bheidh ar siúl. Tabharfaidh oifigigh ón scéim *Gaelbhratach* trí chuairt ar an scoil i rith na bliana. Le linn na gcuairteanna sin, cuirfidh na hoifigigh agallaimh ar bhaill an choiste agus déanfaidh siad measúnú ar na tuairiscí san fhillteán. Má éiríonn lenár n-iarrachtaí, bronnfar *Gaelbhratach* orainn ag ócáid speisialta i mí na Bealtaine.

### Fógra a Dó (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó stiúrthóir Pháirc an Chrócaigh. Tugaim cuireadh do chuairteoirí lá suimiúil a chaitheamh linn anseo i bPáirc an Chrócaigh. Sna taispeántais sa mhúsaem ar an láthair, foghlaimeoidh an cuairteoir faoi stair ár gcluichí náisiúnta agus faoi ról Chumann Lúthchleas Gael in Éirinn agus thar lear. I Halla na Laochra, beidh an cuairteoir ábalta féachaint ar mhíreanna físe d’imreoirí mór le rá i mbun gaiscí ar an bpáirc imeartha. Is féidir leis an gcuairteoir a scileanna san iománaíocht agus sa pheil Ghaelach a thástáil sa zón idirghníomhach ar an gcéad urlár. Ina dhiaidh sin, tabharfar an cuairteoir ar thuras timpeall na staide agus feicfidh sé na seomraí gléasta, ionad na meán, na hardáin agus an pháirc imeartha. Is féidir ticéid a cheannach agus tuilleadh eolais a fháil ar ár suíomh gréasáin.

# Cuid B

### Comhrá a hAon (Canúint na Mumhan)

**An Chéad Mhír**

**Seán:** Haigh, a Aoife. Aon scéal?

**Aoife:** Bhuel, a Sheáin, fan go gcloise tú. Bhí mé féin agus mo theaghlach ar saoire san Iodáil ag deireadh mhí Iúil. Bhíomar ag tnúth leis an tsaoire le fada ach ní saoire a bhí againn sa deireadh, faraor.

**Seán:** Ó, cén fáth sin, a Aoife?

**Aoife:** Bhuel, a Sheáin, bhí tonn teasa ann ag an am. Bhí teas millteanach ann agus bhí an teocht os cionn daichead céim Celsius gach lá.

**Seán:** Caithfidh gur chuir an tonn teasa sin isteach go mór ar bhur bpleananna don tsaoire.

**Aoife:** Chuir cinnte, a Sheáin. Bhí orainn fanacht taobh istigh i rith an lae. Bhí na hionaid turasóireachta go léir dúnta go dtí an tráthnóna. Cuireadh na turais bháid agus bhus go léir do thurasóirí ar ceal.

**An Dara Mír**

**Seán**: Ó, a Aoife, nach raibh go leor tinte uafásacha san Iodáil de bharr na toinne teasa sin?

**Aoife:** Bhí, a Sheáin, ach ar ámharaí an tsaoil, bhíomarna sábháilte. Cinnte, rinne na tinte uafásacha sin go leor damáiste i gceantair áirithe. Dódh go leor tithe go talamh agus scriosadh a lán feithiclí. Bhí baol sláinte ann ón deatach. B'éigean do dhaoine teitheadh ón dainséar agus cuireadh lóistín ar fáil dóibh in óstáin, i leabharlanna agus i scoileanna.

**Seán:** Bhuel, a Aoife, tá athruithe móra ar na patrúin aimsire ar fud an domhain. Deir na saineolaithe aimsire go bhfuil an Eoraip ag téamh níos tapa ná mór-roinn ar bith eile.

**Aoife:** Féach anseo in Éirinn freisin. Tarlaíonn stoirmeacha, tuilte agus gálaí láidre níos minice sa tír seo anois.

**Seán:** Tá sé thar am againn gníomh fónta a dhéanamh chun an téamh domhanda a mhaolú. Caithfear gearradh siar ar úsáid breoslaí iontaise chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

**Aoife:** Tá an ceart ar fad agat, a Sheáin. Dá luaithe is ea is fearr é.

**Comhrá a Dó (Canúint Chonnacht)**

**An Chéad Mhír**

**Peadar:** Dia duit, a Áine, cén chaoi a bhfuil tú? Aon scéal?

**Áine:** Bhuel, a Pheadair, creid é nó ná creid ach chodail mé féin agus grúpa scoláirí ó mo scoil amuigh i gcarrchlós an bhaile mhóir oíche Dé hAoine seo caite.

**Peadar:** Cén fáth ar chodail sibh taobh amuigh?

**Áine:** Bhíomar ag glacadh páirte i bhfeachtas bliantúil a eagraíonn an carthanas *Focus Ireland.* Mar chuid den fheachtas, codlaíonn daoine taobh amuigh chun aird a tharraingt ar chás na ndaoine gan dídean agus chun airgead a bhailiú le seirbhísí a chur ar fáil dóibh.

**Peadar:** Maith sibh! Is fiú go mór an feachtas sin. Is minic a léim tuairiscí ar líne faoi ghanntanas tithe, faoi dhaoine ina gcónaí i lóistín éigeandála agus faoi dhaoine atá i mbaol a dtithe a chailleadh.

**Áine:** Is bocht an scéal é. Tá múinteoir Béarla sa scoil againn agus oibríonn sí go deonach le *Focus Ireland*. Thug sí caint do na scoláirí sa séú bliain le déanaí faoin dea-obair go léir a dhéanann an carthanas chun tacú leo siúd atá ag streachailt.

**An Dara Mír**

**Peadar:** Inis dom faoin oíche sin a chaith sibh amuigh mar chuid den fheachtas.

**Áine:** Bhailíomar le chéile san ionad siopadóireachta ag leathuair tar éis a ceathair agus bhí boscaí bailiúcháin linn. Mhíníomar do dhaoine cad a bhí ar siúl againn agus thug siad airgead dúinn. Ansin, nuair a dúnadh na siopaí, bhogamar go dtí an carrchlós chun muid féin a réiteach le haghaidh na hoíche. Luíomar ar an talamh ar phíosaí cairtchláir inár málaí codlata.

**Peadar:** Agus ar chodail tú?

**Áine:** Ní bhfuair mé mórán codlata le bheith fírinneach leat, a Pheadair. Bhí an talamh crua fúm agus bhí mé préachta leis an bhfuacht.

**Peadar:** Cad iad na ceachtanna a d'fhoghlaim tú ón oíche a chodail tú amuigh?

**Áine:** D'fhoghlaim mé go bhfuil daoine níos measa as ná mise. Tá an t-ádh liom díon a bheith os mo chionn. Agus rud eile, tá flaithiúlacht ag baint le go leor daoine sa bhaile mór seo.

**Peadar:** Cé mhéad airgid a bhailigh sibh don charthanas *Focus Ireland*?

**Áine:** Bhailíomar míle trí chéad euro ar fad dóibh.

**Peadar:** Tá ardmholadh tuillte agaibh go léir, a Áine.

## Cuid C

### Píosa a hAon (Canúint Uladh)

D'eagraigh an grúpa *Sábháilteacht ar Líne do Pháistí* tionscnamh speisialta i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Mar chuid den tionscnamh speisialta seo, iarradh ar dhaoine a ngléasanna digiteacha a mhúchadh ar feadh ceithre uair an chloig is fiche. Thug an dúshlán seo deis do dhaoine sos iomlán a ghlacadh ón saol ar líne agus taitneamh a bhaint as caithimh aimsire eile. Léiríonn taighde a rinneadh le déanaí go gcaitheann líon ard daoine an iomarca ama ar na meáin shóisialta agus go mbíonn sé deacair orthu a gcuid ama ar líne a bhainistiú.

### Píosa a Dó (Canúint na Mumhan)

Bhuaigh an tsraith theilifíse *Bláth na hÓige* Gradam Cumarsáide an Oireachtais do shraith theilifíse na bliana anuraidh. Seacht gclár a bhí sa tsraith theilifíse *Bláth na hÓige* agus craoladh an chéad chlár ar TG4 i mí Aibreáin. Sa tsraith seo, tháinig ochtar ceoltóirí agus amhránaithe óga le chéile chun cóiriú nua-aimseartha a dhéanamh ar amhráin ar an sean-nós. Ba í an t-amhránaí cáiliúil Síle Denvir agus an veidhleadóir Colm Mac Con Iomaire a stiúir an dream óg agus iad ag cleachtadh agus ag cruthú le chéile i Stiúideo Cuan i gConamara.

### Na Siombailí Anótála Marcála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha |
| 0 | Náid bronnta | Freagra/eolas mícheart |
| ~~ | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | Gan freagra GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |

**Nótaí:** Níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála chomh maith.
Ba cheart freagraí cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile.
Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist níos mó ná uair amháin, ná glac leis an bhfreagra sa chás go ndéanann an freagra breise an freagra ceart neamhbhailí.

## CUID A (18 marc)

### FÓGRA A hAON (10 marc)

**1. (a)** Cén t-ainm atá ar an scoil atá ag glacadh páirte sa scéim *Gaelbhratach* den chéad uair i mbliana? **2 mharc**

Coláiste na Carraige = 2 mharc
Coláiste Carraige = 2 mharc

**(b)** Cén aidhm atá leis an scéim *Gaelbhratach*? **2 mharc**

Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa scoil = 2 mharc
An Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil = 2 mharc
Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn = 1 mharc
An Ghaeilge a chur chun cinn = 1 mharc
Úsáid na Gaeilge sa scoil = 1 mharc

**2.** Scríobh síos **dhá** imeacht a eagrófar do na scoláirí. **2 mharc + 2 mharc**

Seisiúin chomhrá/seisiún comhrá = 2 mharc
Tráth na gceist = 2 mharc
Ceardlann(a) drámaíochta = 2 mharc
Comórta(i)s díospóireachta = 2 mharc
Rang(anna) ceoil = 2 mharc
Ceardlann(a) = 1 mharc
Comórta(i)s = 1 mharc
Rang(anna) = 1 mharc
Ceol = 1 mharc
Drámaíocht = 1 mharc
Díospóireacht = 1 mharc
Comhrá = 1 mharc

**3.** Luaigh rud **amháin** a dhéanfaidh oifigigh ón scéim *Gaelbhratach* le linn a gcuairteanna ar an scoil. **2 mharc**

(Cuirfidh siad) agallaimh ar bhaill an choiste = 2 mharc
(Cuirfidh siad) agallaimh ar na baill = 1 mharc
(Cuirfidh siad) agallaimh ar an gcoiste = 2 mharc
(Déanfaidh siad) measúnú ar na tuairiscí = 2 mharc
Agalla(i)mh = 1 mharc
(Déanfaidh siad) measúnú = 1 mharc

### FÓGRA A DÓ (8 marc)

**1.** Cé a chuir amach an fógra seo? **2 mharc**

Stiúrthóir Pháirc an Chrócaigh = 2 mharc
Stiúrthóir = 1 mharc
Páirc an Chrócaigh = 1 mharc

**2.** Scríobh síos **dhá** rud a fhoghlaimeoidh an cuairteoir ó na taispeántais sa mhúsaem.

**2 mharc + 2 mharc**

Stair ár gcluichí náisiúnta = 2 mharc
Stair ár gcluichí = 2 mharc
Stair chluichí náisiúnta = 1 mharc
Stair chluichí = 1 mharc
Stair na peile (Gaelaí)/stair na hiománaíochta = 1 mharc
Ról Chumann Lúthchleas Gael (CLG) in Éirinn agus thar lear = 2 mharc + 2 mharc
Ról Chumann Lúthchleas Gael (CLG) in Éirinn = 2 mharc
Ról Chumann Lúthchleas Gael (CLG) thar lear = 2 mharc
Cumann Lúthchleas Gael (CLG) in Éirinn = 1 mharc
Cumann Lúthchleas Gael (CLG) thar lear = 1 mharc
Ról Chumann Lúthchleas Gael (CLG) = 1 mharc

**3.** Luaigh rud **amháin** is féidir leis an gcuairteoir a dhéanamh sa zón idirghníomhach. **2 mharc**

(A) scileanna san iománaíocht a thástáil = 2 mharc
(A) scileanna sa pheil (Ghaelach) a thástáil = 2 mharc
(A) scileanna san iománaíocht = 1 mharc
(A) scileanna sa pheil (Ghaelach) = 1 mharc
(A) scileanna a thástáil = 1 mharc

## CUID B (28 marc)

### COMHRÁ A hAON (14 mharc)

***An Chéad Mhír***

**1.** Scríobh síos pointe **amháin** eolais faoin tonn teasa a bhí san Iodáil nuair a bhí Aoife agus a teaghlach ar saoire ansin. **2 mharc**

(Bhí) (teas) millteanach/uafásach/ollmhór/an-ard... = 2 mharc
(Bhí) an teocht os cionn daichead céim/40 céim/40° Celsius = 2 mharc
(Bhí) an teocht daichead céim/40 céim/40° Celsius = 1 mharc

**2.** Tabhair dhá **shlí** ar chuir an tonn teasa isteach go mór ar phleananna Aoife agus a teaghlaigh agus iad ar saoire san Iodáil. **2 mharc + 2 mharc**

Bhí orthu fanacht taobh istigh i rith an lae = 2 mharc
Bhí na hionaid turasóireachta (go léir) dúnta go dtí an tráthnóna = 2 mharc
Cuireadh na turais bháid agus bhus (go léir) do thurasóirí ar ceal = 2 mharc + 2 mharc
Cuireadh na turais bháid (go léir) do thurasóirí ar ceal = 2 mharc
Cuireadh na turais bhus (go léir) do thurasóirí ar ceal = 2 mharc
Cuireadh na báid (go léir) do thurasóirí ar ceal = 2 mharc
Cuireadh na busanna (go léir) do thurasóirí ar ceal = 2 mharc
Cuireadh na turais (go léir) do thurasóirí ar ceal = 2 mharc
Cuireadh na turais (go léir) ar ceal = 2 mharc
Bhí orthu fanacht taobh istigh = 1 mharc
Bhí na hionaid turasóireachta (go léir) dúnta = 1 mharc
Cuireadh na báid/na busanna ar ceal = 1 mharc

*An Dara Mír*

**1.** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin damáiste a rinne na tinte uafásacha i gceantair áirithe, dar le hAoife. **2 mharc + 2 mharc**

Dódh go leor tithe go talamh = 2 mharc
Dódh (go leor) tithe = 1 mharc
Scriosadh a lán feithiclí = 2 mharc
Bhí baol sláinte ann ón deatach = 2 mharc
Bhí baol sláinte ann = 1 mharc

**2.** Cad a deir na saineolaithe aimsire faoin Eoraip? **2 mharc**

Tá/Go bhfuil an Eoraip ag téamh níos tapa ná mór-roinn/áit/ceantar ar bith eile = 2 mharc
An Eoraip ag téamh níos tapa ná mór-roinn/áit/ceantar ar bith eile = 1 mharc
Tá/Go bhfuil an Eoraip ag téamh = 1 mharc

**3.** Cad a chaithfear a dhéanamh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, dar le Seán? **2 mharc**

Gearradh siar ar úsáid breoslaí iontaise = 2 mharc
Gearradh siar ar bhreoslaí iontaise = 2 mharc
Gearradh siar ar úsáid breoslaí = 1 mharc
Gearradh siar ar bhreoslaí = 1 mharc
Gníomh fónta = 1 mharc

**COMHRÁ A DÓ (14 mharc)**

*An Chéad Mhír*

**1.** Cén oíche a chodail Áine agus grúpa scoláirí óna scoil amuigh i gcarrchlós an bhaile mhóir? **2 mharc**

(Oíche) Dé hAoine seo caite = 2 mharc
Aoine seo caite = 2 mharc
(Oíche) Dé hAoine = 1 mharc
Aoine = 1 mharc

**2.** Scríobh síos an **dá** chúis a gcodlaíonn daoine taobh amuigh mar chuid den fheachtas bliantúil a eagraíonn an carthanas *Focus Ireland*. **2 mharc + 2 mharc**

Chun aird a tharraingt ar chás na ndaoine gan dídean = 2 mharc
Chun aird a tharraingt ar dhaoine gan dídean = 2 mharc
Chun airgead a bhailiú le seirbhísí a chur ar fáil = 2 mharc
Chun airgead a bhailiú = 2 mharc
Cás na ndaoine gan dídean/daoine gan dídean = 1 mharc

**3.** Luaigh ábhar **amháin** a bhíonn sna tuairiscí a léann Peadar ar líne. **2 mharc**

Ganntanas tithe = 2 mharc
Daoine ina gcónaí i lóistín éigeandála = 2 mharc
Daoine atá i mbaol a dtithe a chailleadh = 2 mharc
Lóistín éigeandála = 2 mharc

*An Dara Mír*

**1.** Scríobh síos cúis **amháin** nach bhfuair Áine mórán codlata an oíche a chaith sí amuigh i gcarrchlós an bhaile mhóir, dar léi féin. **2 mharc**

Bhí an talamh crua/talamh crua = 2 mharc
Bhí sí préachta (leis an bhfuacht) = 2 mharc
(Bhí sí) an-fhuar/préachta = 2 mharc
(Bhí sí) fuar = 1 mharc
Fuacht = 1 mharc

**2.** Tabhair **dhá** cheacht a d'fhoghlaim Áine ón oíche a chodail sí amuigh. **2 mharc + 2 mharc**

Go bhfuil daoine níos measa as ná mise/sise/ise/í féin = 2 mharc
Tá an t-ádh liom/léi díon a bheith os mo chionn/os a cionn = 2 mharc
Tá flaithiúlacht ag baint le go leor daoine sa bhaile (mór) seo = 2 mharc
Tá flaithiúlacht ag baint le daoine sa bhaile (mór) seo = 2 mharc
Tá flaithiúlacht ag baint le daoine = 1 mharc
Tá an t-ádh liom/léi = 1 mharc
Go bhfuil daoine níos measa as = 1 mharc

## CUID C (14 mharc)

### PÍOSA A hAON (8 marc)

**1.** Cad a iarradh ar dhaoine a dhéanamh ar feadh ceithre uair an chlog is fiche mar chuid den tionscnamh speisialta? **2 mharc**

A ngléasanna digiteacha a mhúchadh = 2 mharc
Gléasanna digiteacha a mhúchadh = 2 mharc
A ngléasanna a mhúchadh = 1 mharc
Gléasanna a mhúchadh = 1 mharc

**2.** Scríobh síos an **dá** dheis a thug an dúshlán seo do dhaoine. **2 mharc + 2 mharc**

Sos (iomlán) (a ghlacadh) ón saol ar líne = 2 mharc
Sos (iomlán) (a ghlacadh) ón idirlíon = 2 mharc
Sos (iomlán) (a ghlacadh) ó na meáin shóisialta = 2 mharc
Taitneamh a bhaint as caithimh aimsire eile = 2 mharc
Taitneamh a bhaint as caithimh aimsire = 1 mharc

**3.** Luaigh pointe **amháin** eolais atá sa taighde a rinneadh le déanaí. **2 mharc**

Go gcaitheann (líon ard) daoine an iomarca ama ar na meáin shóisialta/ar líne = 2 mharc
Go mbíonn sé deacair ar dhaoine a gcuid ama ar líne a bhainistiú = 2 mharc

### PÍOSA A DÓ (6 mharc)

**1.** Cén t-ainm a bhí ar an tsraith theilifíse a bhuaigh Gradam Cumarsáide an Oireachtais do shraith theilifíse na bliana anuraidh? **2 mharc**

Bláth na hÓige = 2 mharc

**2.** Cathain a craoladh an chéad chlár sa tsraith theilifíse sin ar TG4? **2 mharc**

I mí Aibreáin = 2 mharc
Aibreán = 2 mharc
Anuraidh = 2 mharc

**3.** Cén fáth ar tháinig an t-ochtar ceoltóirí agus amhránaithe óga le chéile? **2 mharc**

Chun cóiriú nua-aimseartha a dhéanamh ar amhráin ar an sean-nós = 2 mharc

**Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.**

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

**3** Roinn ar an bpáipéar scrúdaithe

**A.** Aiste **nó** Alt Nuachtáin/Irise

**B**. Scéal

**C.** Díospóireacht/Óráid

**An Mharcáil:**

**Iarracht iomlán** = 500 – 600 focal (an treoir ar an bpáipéar scrúdaithe), an t-ábhar bailí/fiúntach agus bunaithe ar an teideal a roghnaíonn an t-iarrthóir.

Stíl chuí scríbhneoireachta = **5** mharc

Ionramháil Ábhair = **15** mharc

Cumas Gaeilge = **80** marc

**3 chéim sa mharcáil:**

Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| | |
|---|---|
| An Measúnú | An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh catagóire de? |
| An Aicme sa chatagóir | Socraigh an aicme cheart sa chatagóir: ard/ meánach/íseal. |
| An Marc | Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don aicme sin. |

Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 5 (Stíl), an marc a bhronntar as 15 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint ar an bpainéal marcála.

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Tic | Eolas bailí/ceart/ábhartha lena ngabhann fiúntas |
| ✗ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga |
| ^ | Easnamh | Foca(i)l fágtha ar lár |
| ﹏ | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/ litrithe |
| [ ] | Lúibíní cearnacha | Léirítear tús agus deireadh an phíosa/an ailt nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Líne ar thaobh na láimhe deise den phíosa/den alt nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| **S1** | Iarracht easnamhach | Leathanach go leith den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S2** | Iarracht easnamhach | Leathanach amháin den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S3** | Iarracht easnamhach | Leathleathanach den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S4** | Iarracht easnamhach | Easnamhach i gcás A (c), A (d) agus A (e) |

**Gnéithe a bhaineann leis an marcáil**

**Stíl chuí scríbhneoireachta (5 mharc)**
Stíl (5 mharc) = 5 mharc sa chás go bhfuil an stíl chuí scríbhneoireachta in úsáid - má roghnaítear B (a), ní mór don iarrthóir **Scéal** a scríobh agus ní cheadaítear **Aiste** nó **Díospóireacht** srl. Sa chás go scríobhtar **Aiste** srl. agus teideal an scéil leis, an marc cuí ná Stíl (5) = 0.

Smaoinigh nach mbaineann an marc ar Stíl le caighdeán na hiarrachta. Déantar é seo a mheas faoi Ábhar (15 mharc).

**Ionramháil Ábhair (15 mharc)**

Tuairimí, smaointe, insint, eachtraí, imeachtaí, eolas, faisnéis **a bhaineann go dlúth le hábhar theideal na ceapadóireachta**.

| Aicme | Marc |
|---|---|
| Ionramháil shármhaith (smaointe fairsinge, samhlaíocht neamhghnách) | 13, 14, 15 |
| Ionramháil an-mhaith | 11, 12 |
| Ionramháil mhaith | 9, 10 |
| Ionramháil mheasartha | 6, 7, 8 |
| Ionramháil lag/bhearnach | 3, 4, 5 |
| Ionramháil an-lag (easnamhach) | 0, 1, 2 |

Ba cheart an ionramháil ábhair a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe ábhartha a bhaineann le teideal na hiarrachta, bíonn coibhneas de ghnáth idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Ní féidir smaointe cuí, ábhartha a chur i láthair go soiléir gan cóir iompair éifeachtach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe ábhartha a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á marcáil.

**Cumas Gaeilge (80 marc)**

(i) Fairsinge agus Saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra

**agus**

(ii) Beachtas maidir le máistreacht na cruinnúsáide ar na príomhghnéithe (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) de cheart na Gaeilge.

**Dhá ghné** i gceist sa Chumas Gaeilge:

| **Stór Gaeilge agus dul na teanga** | **Beachtas/Cruinneas na Gaeilge** |
|---|---|
| • Máistreacht an iarrthóra ar an teanga chun na smaointe a ionramháil<br>• Cumas an iarrthóra chun a smaointe faoin ábhar a scríobh síos go tuisceanach soiléir, gan bunrialacha na teanga a shárú<br>• Fairsingeacht agus saibhreas an fhoclóra<br>• An Chomhréir - struchtúir na n-abairtí | Caighdeán an iarrthóra i gcruinnláimhseáil ghramadach na Gaeilge:<br>• Aimsirí na mbriathra<br>• Litriú<br>• Séimhiú<br>• Urú<br>• An Chlaoninsint<br>• Réamhfhocail<br>• Díochlaontaí na n-ainmfhocal |

Tá sé fíorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir <u>mórbhotúin chomhréire</u> agus <u>mionbhotúin ghramadaí agus litrithe</u>.

Cuimhnigh ar an treoir atá ar an scrúdpháipéar:
*Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.*

Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil ábhartha cuirfear as an áireamh an t-ábhar neamhábhartha sin. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht cheapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós ar an iarracht. Nuair nach bhfuil an iarracht ar fad ábhartha, cuir lúibín cearnach ag tús an phíosa/an ailt nach bhfuil ábhartha agus lúibín cearnach eile ag deireadh an phíosa/an ailt sin. Cuir líne chorrach cheartingearach ar thaobh na láimhe deise den phíosa/den alt nach bhfuil ábhartha.

| | Catagóir | Aicme | Raon marcanna |
|---|---|---|---|
| **1. Stór Gaeilge**<br>**2. Beachtas / Cruinneas na Gaeilge** | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá sármhaith<br>• Cruinneas sármhaith (den chuid is mó) | **Sármhaith** | Ard | 76-80 marc |
| | | Meánach | 72-75 marc |
| | | Íseal | 68-71 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-mhaith<br>• Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó) | **An-mhaith** | Ard | 64-67 marc |
| | | Meánach | 60-63 marc |
| | | Íseal | 56-59 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá maith<br>• Cruinneas maith (den chuid is mó) | **Maith** | Ard | 52-55 marc |
| | | Meánach | 48-51 marc |
| | | Íseal | 44-47 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá measartha<br>• Cruinneas measartha (den chuid is mó) | **Measartha** | Ard | 40-43 marc |
| | | Meánach | 36-39 marc |
| | | Íseal | 32-35 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá lag<br>• Cruinneas lag (den chuid is mó) | **Lag** | Ard | 28-31 marc |
| | | Meánach | 24-27 marc |
| | | Íseal | 20-23 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-lag<br>• Cruinneas an-lag (den chuid is mó) | **An-lag** | Ard | 16-19 marc |
| | | Meánach | 12-15 marc |
| | | Íseal | 8-11 marc |
| | | An-íseal | 0-7 marc |

**An Grádú Marcála (iarrachtaí easnamhacha)**

| Siombailí Anótála | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| **S1** | Leathanach go leith den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (4)<br>Ábhar (13)<br>Gaeilge (68) |
| **S2** | Leathanach amháin den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (3)<br>Ábhar (11)<br>Gaeilge (56) |
| **S3** | Leathleathanach den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (2)<br>Ábhar (9)<br>Gaeilge (44) |
| **S4** | Easnamhach i gcás A (c), A (d) agus A (e) | Stíl (5)<br>Ábhar (10)<br>Gaeilge (54) |

**Nóta:** Cuirtear an tsiombail anótála chuí ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

## Páipéar 2 (200 marc)

| Ceist 1 | LÉAMHTHUISCINT | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair Léamhthuiscint A **agus** Léamhthuiscint B.
Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.
Tá trí mharc ag gabháil le cuid (a) agus ceithre mharc le cuid (b). Tá dhá mharc ar (b)(i) agus dhá mharc ar (b)(ii).
Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.
Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuiscint tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.
Tá **12** mharc ag gabháil le Ceist 6 (b) sa dá chás. Ní mór d’iarrthóirí Ceist 6 (b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**.

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Faisnéis bhailí | Gan mharc |
| ✓1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| O | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| ʌ | Easnamh | Foca(i)l fágtha ar lár |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| _ | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist |
| **Iom** | Iomarcaíocht | Eolas iomarcach |
| [ ] | Lúibíní cearnacha | Léirítear tús agus deireadh abairte/abairtí a thógtar díreach as an sliocht i gcás Cheist 6 (b) |
| **T** | Tuairim | Léamhthuiscint A, Ceist 6 (b) |
| **L1** | Léargas 1 | Léamhthuiscint B, Ceist 6 (b) |
| **L2** | Léargas 2 | Léamhthuiscint B, Ceist 6 (b) |

**LÉAMHTHUISCINT A (50 marc)**

**Ár nOileáin Bheo: Polasaí Náisiúnta na nOileán agus Plean Gníomhaíochta**

**1. (a)** Scríobh síos **dhá** shaintréith ar leith atá ag baint le gach ceann de na trí oileán is fiche amach ó chósta na hÉireann ar a bhfuil an polasaí *Ár nOileáin Bheo* dírithe. (Alt 1)

(**Dhá** shaintréith) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad saintréith atá ceart = 2 mharc; an dara saintréith atá ceart = 1 mharc

- Na hoileáin a bhfuil cónaí buan orthu (ar feadh na bliana)
- Nach bhfuil ceangailte leis an mórthír (le droichead nó le cabhsa)
- Nach bhfuil faoi úinéireacht phríobháideach

**(b) (i)** Cén aidhm atá leis an bpolasaí nua seo, *Ár nOileáin Bheo*? **{2 mharc}**

- A chinntiú go gcothófar pobail bheoga, inbhuanaithe ar na hoileáin agus go mbeidh saol faoi rath acu go ceann blianta fada = 2 mharc
- A chinntiú go gcothófar pobail bheoga, inbhuanaithe ar na hoileáin = 2 mharc

**(ii)** Conas a chuirfear bearta an pholasaí i gcrích, dar leis an Aire Humphreys? (Alt 1) **{2 mharc}**

- Trí infheistíocht = 2 mharc
- Trí thacaíochtaí = 2 mharc
- Trí phlé leanúnach idir pobail na n-oileán, ranna rialtais, na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara = 2 mharc

**2. (a)** Cad é an chéad chuspóir atá ag an rialtas sa pholasaí *Ár nOileáin Bheo?* (Alt 2) **{3 mharc}**

- Stop a chur le meath an daonra ar na hoileáin trí na coinníollacha a chruthú a spreagfaidh daoine chun fanacht ar na hoileáin/chun bogadh chucu = 3 mharc
- Stop a chur le meath an daonra (ar na hoileáin) = 2 mharc

**(b) (i)** Luaigh beart **amháin** atá sa pholasaí maidir le cúrsaí fostaíochta ar na hoileáin. (Alt 2) **{2 mharc}**

- Fostaíocht a chruthú i réimsí nua atá ag teacht chun cinn = 2 mharc
- Fostaíocht a chruthú i dtionscadail a bhaineann le foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta = 2 mharc
- Déanfar iarrachtaí fiontair agus gnólachtaí nua a mhealladh chun lonnú ar na hoileáin = 2 mharc
- Fostaíocht a chruthú = 1 mharc

**(ii)** Cad a thabharfaidh deis do dhaoine cianobair a dhéanamh ar go leor de na hoileáin? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Nasc leathanbhanda ardluais = 2 mharc
- Leathanbhanda ardluais = 2 mharc

**3. (a)** Scríobh síos **dhá** dhúshlán a bhaineann le soláthar cuí tithíochta ar na hoileáin a luadh le linn an phróisis comhairliúcháin. (Alt 3) (**Dhá** dhúshlán) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad dúshlán atá ceart = 2 mharc; an dara dúshlán atá ceart = 1 mharc

- Go bhfuil tithe ar an gcuid is mó de na hoileáin atá tréigthe agus a bhfuil drochbhail orthu = 2 mharc + 1 mharc
- Tithe saoire nach mbíonn cónaí iontu go buan
- Costais tógála níos airde ar na hoileáin (ná ar an mórthír)

**(b) (i)** Luaigh moladh **amháin** atá sa pholasaí nua chun cúrsaí tithíochta a fheabhsú ar na hoileáin. (Alt 3) **{2 mharc}**

- Cuirfear deontais ar fáil chun tithe tréigthe a athchóiriú = 2 mharc
- Tabharfar maoiniú do na húdaráis áitiúla chun scéimeanna tithe sóisialta a sholáthar = 2 mharc

**(ii)** Scríobh síos beart **amháin** atá sa pholasaí a chinnteoidh go mbeidh áiseanna cuí oideachais ar fáil do phobail na n-oileán. (Alt 3) **{2 mharc}**

- Coimeádfar scoileanna na n-oileán ar oscailt
- Ceadófar múinteoirí breise ag brath ar chúinsí na scoile
- Leis an gcóras leathanbhanda ardluais atá ar fáil sna scoileanna, beidh deiseanna cianfhoghlama ann
- Leis an gcóras leathanbhanda ardluais atá ar fáil sna scoileanna, beidh fáil ag na scoláirí dara leibhéal ar raon níos leithne ábhar

**4. (a)** Tabhair **dhá** chúis a mealltar a lán turasóirí go dtí na hoileáin. (Alt 4)
(**Dhá** chúis) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad chúis atá ceart = 2 mharc; an dara cúis atá ceart = 1 mharc

- Na suíomhanna seandálaíochta
- An tírdhreach álainn
- An oidhreacht dhúchasach
- Tugann go leor daoine cuairt ar na hoileáin Ghaeltachta chun blaiseadh a fháil de shaibhreas na Gaeilge agus den chultúr Gaelach (dhá chúis = 2 mharc + 1 mharc)
- Tugann go leor daoine cuairt ar na hoileáin Ghaeltachta chun blaiseadh a fháil de shaibhreas na Gaeilge
- Tugann go leor daoine cuairt ar na hoileáin Ghaeltachta chun blaiseadh a fháil den chultúr Gaelach

**(b) (i)** Scríobh síos aidhm **amháin** a bheidh leis an bhfeachtas margaíochta a fhorbróidh Fáilte Éireann do na hoileáin. (Alt 4) **{2 mharc}**

- Chun na hoileáin a chur chun cinn ar bhealach níos forleithne mar ionaid saoire uathúla
- Chun séasúr na turasóireachta ar na hoileáin a shíneadh amach níos faide

**(ii)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh dea-chórais maidir le bainistíocht dramhaíola ar gach ceann de na hoileáin? (Alt 4) **{2 mharc}**

- Ar mhaithe le sláinte an phobail = 2 mharc
- Leis an gcomhshaol a chaomhnú = 2 mharc

**5. (a)** Scríobh síos **dhá** ghealltanas atá tugtha sa pholasaí nua maidir le seirbhísí iompair farraige agus aeir chuig na hoileáin. (Alt 5) (**Dhá** ghealltanas) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Glac le gealltanas amháin bainteach le seirbhísí iompair farraige **agus** an gealltanas eile bainteach le seirbhísí iompair aeir

**Seirbhísí iompair farraige**

- Go leanfar ar aghaidh ag cur tacaíocht airgid ar fáil do sheirbhísí rialta farantóireachta
- Cuirfear deontais ar fáil chun sábháilteacht na gcéanna a fheabhsú

**Seirbhísí iompair aeir**

- Go leanfar ar aghaidh ag cur tacaíocht airgid ar fáil do sheirbhísí rialta aerthaistil
- Cuirfear deontais ar fáil chun sábháilteacht na n-aerstráicí a fheabhsú

**(b) (i)** Luaigh cuspóir **amháin** atá ag an rialtas sa pholasaí seo chun seirbhísí sláinte a fheabhsú do phobail na n-oileán. (Alt 5) **{2 mharc}**

- Cur le líon na ndochtúirí teaghlaigh ar gach ceann de na hoileáin = 2 mharc
- Cur le líon na ndochtúirí teaghlaigh = 1 mharc
- Níos mó coinní sláinte a chur ar fáil ar líne = 2 mharc

**(ii)** Cén deis a bheidh ag daoine óga agus cinntí á ndéanamh? (Alt 5) **{2 mharc}**

- Beidh deis acu tuairimí a thabhairt faoi cheisteanna atá ábhartha dá saol ar na hoileáin = 2 mharc
- Beidh deis acu tuairimí a thabhairt faoi cheisteanna atá ábhartha dá saol = 1 mharc

**6. (a)** Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 3 **agus** sampla de bhreischéim na haidiachta in Alt 4. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.
Sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 3: cuirfear; tabharfar; coimeádfar; ceadófar
Sampla de bhreischéim na haidiachta in Alt 4: (níos) forleithne; (níos) faide

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, an dóigh leat gur polasaí maith é *Ár nOileáin Bheo*? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor **60** focal.) **{6 mharc + 6 mharc}**

Tuairim (**T**) = **2** mharc (glac le tuairim atá dearfach nó diúltach)
**Dhá** phointe eolais = **5** mharc + **5** mharc
Pointe eolais **1** = eolas cruinn, **i d'fhocail féin**, bunaithe ar an sliocht ag tacú le do thuairim = **5** mharc
Pointe eolais **2** = eolas cruinn, **i d'fhocail féin**, bunaithe ar an sliocht ag tacú le do thuairim = **5** mharc

**Treoir:**
Tá 'bunaithe ar an eolas sa sliocht' agus 'i d'fhocail féin' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)
Gan tuairim luaite, ní féidir glacadh leis an bpointe eolais/na pointí eolais.
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach as an sliocht.
**Pointí eolais féideartha:** Deiseanna fostaíochta…tionscadail nua…an daonra a mhéadú…tithe breise…tacaíochtaí…cúrsaí oideachais a fheabhsú…turasóirí breise…pleananna don bhainistiú níos fearr dramhaíola…cúrsaí taistil feabhsaithe…córais iompair feabhsaithe…na hoileáin níos tarraingtí…na bunseirbhísí feabhsaithe…
**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar thréithe eile agus ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

## LÉAMHTHUISCINT B (50 marc)

## An Intleacht Shaorga - na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann léi

**1.** **(a)** Tabhair **dhá** chúis ar roghnaigh an foilsitheoir foclóirí *Collin*s an téarma 'intleacht shaorga' mar théarma na bliana in 2023. (Alt 1)

(**Dhá** chúis) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad chúis atá ceart = 2 mharc; an dara cúis atá ceart = 1 mharc

- An t-ábhar cainte ba mhó a bhí i mbéal an phobail
- Bhí luas ollmhór faoi fhorbairtí na hintleachta saorga
- Cuardaíodh an téarma níos minice ná aon téarma eile san fhoclóir

**(b)** **(i)** Luaigh **dhá** shampla den úsáid a bhaineann daoine as an intleacht shaorga gach lá. (Alt 1) (**Dhá** shampla) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Nuair a sheiceálann siad a gcuntais meán sóisialta
- Nuair a labhraíonn siad le Alexa
- Nuair a lorgaíonn siad eolas ar na hinnill chuardaigh idirlín
- Nuair a úsáideann siad tuarthéacs
- Nuair a bhíonn siad ag scrolláil trí mholtaí do scannáin ar Netflix

**(ii)** Cad a léiríonn go raibh an-tóir ar an mbota comhrá *ChatGPT* ón tús? (Alt 1) **{2 mharc}**

- Bhí céad milliún úsáideoir ag an mbota comhrá *ChatGPT* taobh istigh de dhá mhí = 2 mharc
- Is é an feidhmchlár tomhaltóra is mó fás riamh é = 2 mharc
- Bhí céad milliún úsáideoir ag an mbota comhrá *ChatGPT* = 1 mharc

**2.** **(a)** Cén míniú a thugtar ar an téarma 'intleacht shaorga'? (Alt 2) **{3 mharc}**

- Córais mheaisín-bhunaithe atá in ann tascanna cliste a dhéanamh mar a dhéanann daoine (de ghnáth) = 3 mharc
- Córais mheaisín-bhunaithe atá in ann tascanna cliste a dhéanamh = 2 mharc

**(b)** **(i)** Cén fáth ar forbraíodh Tástáil Turing? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Chun cinneadh a dhéanamh cé acu a bheadh ríomhairí ábalta aithris a dhéanamh ar iompraíocht an duine (nó nach mbeadh) = 2 mharc

**(ii)** Cén t-éacht ceannródaíoch a rinne an ríomhaire speisialta fichille *Deep Blue* sa bhliain 1997? (Alt 2) **{2 mharc}**

- D'éirigh leis an ríomhaire sin an lámh in uachtar a fháil ar churadh fichille an domhain/Garry Kasparov = 2 mharc

**3.** **(a)** Scríobh síos **dhá** dheis a bhaineann leis an intleacht shaorga i dtionscal an ghnó agus na déantúsaíochta. (Alt 3) (**Dhá** dheis) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad deis atá ceart = 2 mharc; an dara deis atá ceart = 1 mharc

- Táirgí atá ann cheana féin a fheabhsú
- Earraí nua a fhorbairt
- Cur le díolacháin
- Seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú
- Cuirfear deiseanna fostaíochta nua ar fáil

**(b)** **(i)** Cén tairbhe a bhaintear as an intleacht shaorga a úsáid sa chóras leighis? (Alt 3) **{2 mharc}**

- Cúram sláinte feabhsaithe = 2 mharc
- Íomhánna leighis le mioneolas ar an othar a sholáthar laistigh de chúpla nóiméad = 2 mharc
- Galair a aithint níos luaithe = 2 mharc
- Tá dul chun cinn mór déanta i bhforbairt drugaí nua = 2 mharc
- Tá dul chun cinn mór déanta i bhforbairt vacsaíní nua = 2 mharc

**(ii)** Conas a chabhróidh na múnlaí feabhsaithe aimsire bunaithe ar an intleacht shaorga leis na heolaithe aimsire in Met Éireann? (Alt 3) **{2 mharc}**

- (Go mbeidh na heolaithe aimsire in Met Éireann in ann) réamhaisnéis aimsire níos cruinne a chur ar fáil = 2 mharc

**4.** **(a)** Cén fáth ar éirigh an t-eolaí ríomhaireachta Geoffrey Hinton as a phost le Google i mí na Bealtaine 2023? **{3 mharc}**

- Chun go mbeadh saoirse aige labhairt amach faoi na contúirtí a bhaineann leis an intleacht shaorga agus faoin luas ag a bhfuil teicneolaíochtaí nua na hintleachta saorga á bhforbairt = 3 mharc
- Chun go mbeadh saoirse aige labhairt amach faoi na contúirtí a bhaineann leis an intleacht shaorga = 2 mharc
- Chun go mbeadh saoirse aige labhairt amach faoin luas ag a bhfuil teicneolaíochtaí nua na hintleachta saorga á bhforbairt = 2 mharc
- Chun go mbeadh saoirse aige labhairt amach = 1 mharc

**(b)** **(i)** Tabhair **dhá** dhúshlán atá ag baint leis an intleacht shaorga don duine aonair. (Alt 4) (**Dhá** dhúshlán) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Scaiptear bréageolas agus ábhar díobhálach = 1 mharc + 1 mharc

- Tá baol ann do chearta an duine aonair chun príobháideachais
- Tá baol ann do chearta an duine aonair chun sonraí a chosaint
- Má bhíonn duine ag brath an iomad ar áiseanna intleachta saorga, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh siad bac ar chumas smaointeoireachta an duine

**(ii)** Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil amhras léirithe maidir leis na buntéacsanna a mbaineann an bota comhrá *ChatGPT* úsáid astu. (Alt 4) (**Dhá** chúis) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Go bhfuil tuairimí claonta sna buntéacsanna = 1 mharc
- Nach bhfuil cuid den eolas iontu cruinn = 1 mharc
- Nach bhfuil cuid den eolas iontu iontaofa = 1 mharc
- Tá ceist eile ann maidir le sárú an chóipchirt = 1 mharc

**5. (a)** Cén fáth a bhfuil Dearbhú Bletchley sínithe ag ocht dtír is fiche? (Alt 5) **{3 mharc}**

- Chun creat a bhunú a chinnteoidh go ndéantar teicneolaíochtaí na hintleachta saorga a fhorbairt agus a úsáid go freagrach agus go sábháilte ar fud an domhain = 3 mharc
- Chun creat a bhunú a chinnteoidh go ndéantar teicneolaíochtaí na hintleachta saorga a fhorbairt agus a úsáid go freagrach agus go sábháilte = 2 mharc
- Chun creat a bhunú a chinnteoidh go ndéantar teicneolaíochtaí na hintleachta saorga
- a fhorbairt agus a úsáid go freagrach ar fud an domhain = 2 mharc
- Chun creat a bhunú a chinnteoidh go ndéantar teicneolaíochtaí na hintleachta saorga
- a fhorbairt agus a úsáid go sábháilte ar fud an domhain = 2 mharc

**(b) (i)** Cad atá leagtha amach ag rialtas na hÉireann sa Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga? (Alt 5) **{2 mharc}**

- Leagtar amach na slite ar féidir an intleacht shaorga a úsáid ar bhealach a rachaidh chun leas gheilleagar agus shochaí na tíre = 2 mharc

**(ii)** Scríobh síos **dhá** cheist a ardaítear i ndíospóireachtaí faoi thodhchaí na hintleachta saorga. (Alt 5) (**Dhá** cheist) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- An éireoidh le réabhlóid na hintleachta saorga? = 1 mharc
- An leanfaidh luas na bhforbairtí san intleacht shaorga ar aghaidh go tapa? = 1 mharc
- Cad a tharlóidh má éiríonn an intleacht shaorga níos cliste ná an duine daonna? = 1 mharc

**6. (a)** Aimsigh sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 2 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 5. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 2: a bheadh; nach mbeadh, beadh
Sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 5: (go) (n)déantar; leagtar; aithnítear

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, mínigh **dhá** léargas a fhaigheann tú ar an intleacht shaorga. Bíodh sampla **amháin** as an sliocht agat, **i d'fhocail féin**, ag tacú le gach ceann den **dá** léargas a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

**Dhá** léargas = **6** mharc + **6** mharc
Léargas **1 (L1)** = **2** mharc + míniú ar an léargas, **i d'fhocail féin**, le sampla cruinn as an sliocht mar thacú leis = **4** mharc
Léargas **2 (L2)** = **2** mharc + míniú ar an léargas, **i d'fhocail féin**, le sampla cruinn as an sliocht mar thacú leis = **4** mharc

**Treoir:**
Tá 'bunaithe ar an eolas sa sliocht' agus 'i d'fhocail féin' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)
Gan léargas luaite/intuigthe, ní féidir glacadh leis an sampla/na samplaí.
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach as an sliocht.

**Léargais fhéideartha:** Déantar cur síos ar an úsáid a bhaintear as IS sa ghnáthshaol laethúil inniu…foghlaimím faoi *ChatGPT* agus an t-éileamh a bhí air ón tús…tá léiriú ar chúlra agus ar stair na hintleachta saorga…tugtar léargas ar an ríomhaire *Deep Blue* ag fáil an lámh in uachtar ar laoch fichille an domhain…luaitear buntáistí na hintleachta saorga i dtionscail éagsúla…tugtar eolas faoi dhainséar/faoi chontúirt na hintleachta saorga…tá sé soiléir dom go bhfuil tábhacht ag baint le cosaint agus le reachtaíocht chun an intleacht shaorga a choimeád faoi smacht agus chun cearta daoine a chosaint…

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

**An Litríocht**

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha<br>Obair lena ngabhann fiúntas |
| # | Haischlib | Eolas míchruinn/mícheart/nach mbaineann le hábhar |
| ✖ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach bán/roinn bhán feicthe ag an scrúdaitheoir |
| – | Gan freagra | Níor freagraíodh an cheist |
| eas | Eolas easnamhach | Níor pléadh an ráiteas ina iomláine |
| 0 | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| ✔1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✔2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✔3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✔4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✔5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| ✔6 | Faisnéis bhailí | Luach 6 mharc |
| ✔7 | Faisnéis bhailí | Luach 7 mharc |

| Ceist 2 | PRÓS | 30 marc |
|---|---|---|

| PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH | 30 marc |
|---|---|

**Nóta:** I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.

**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

| Catagóir | Eolas | (25 marc) | (18 marc) |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 22-25 | 16-18 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 18-21 | 13-15 |
| **Maith** | Plé maith ar an ráiteas<br>Smaointe agus pointí eolais forbartha go maith | 14-17 | 10-12 |
| **Measartha** | Plé measartha ar an ráiteas<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 10-13 | 7-9 |
| **Lag/<br>An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 | 0-6 |

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) ***nó*** Ceist 2B (Prós Roghnach).

**2A Prós Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**(a) Cáca Milis**

> 'Tá léiriú sa scannán *Cáca Milis* ar an gcaidreamh idir an bheirt phaisinéirí traenach, Paul agus Catherine, agus ar an gcríoch thragóideach a bhí ar an turas traenach sin.'
> Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 25 marc**

**Treoir: Dhá** ghné le plé: an caidreamh idir an bheirt phaisinéirí traenach, Paul agus Catherine, agus an chríoch thragóideach a bhí ar an turas traenach
**Nóta:** Gan ach gné amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 18 marc.

**Nótaí tacaíochta**
- Is drochchaidreamh é…tá coimhlint agus teannas idir an bheirt beagnach ón tosach…
- Tá an bheirt an-difriúil – Catherine ciúin, measúil, béasach, neamhspleách agus Paul cainteach, glórach, místuama, spleách…
- Tá Catherine suite ar an traein ag léamh…suaimhneas uaithi…
- Tagann Paul ar an traein, fuadar faoi agus ligeann sé dá mhála titim…
- Piocann Catherine suas é – trua aici don duine dall…
- Áthas ar Paul ar chloisteáil guth na mná dó…suíonn sé os a comhair…
- Leanann sí uirthi ag léamh – ag iarraidh a chur in iúl dó nach dteastaíonn comhrá uaithi…
- Leanann sé air ag caint is ag cur isteach uirthi…
- Is duine leithleach é…ní thuigeann sé go bhfuil sé á crá…
- Cuireann sé déistin ar Catherine – na cosa faoin mbord – an plúchadh – an deacracht anála – á ceistiú faoin dath atá ar an gcáca – ní thugann sé deis di a leabhar a léamh nó suaimhneas a bheith aici…
- Is léir go bhfuil sé iarratach – ag iarraidh í a sheoladh chun cupán caife a fháil dó…
- Paul ag maíomh as a phlúchadh – ceann de na cásanna ba mheasa dá bhfaca an dochtúir riamh…
- Cuireann sé brú ar Catherine iarraidh air cad atá le feiceáil lasmuigh den fhuinneog…ag an bpointe seo briseann ar a foighne agus socraíonn sí cleas a imirt air agus é a chur dá threoir – ag rá leis go bhfuil loch mór le feiceáil, rud nach bhfuil ann…
- Éiríonn a phlúchadh níos measa agus baineann Catherine sásamh as a mhíshuaimhneas…
- Nuair a thagann tralaí na sólaistí, iarrann sé ar Catherine an siúcra a chur sa chaife dó… ní fhreagraíonn sí é…a bhéasa boird ag cur as di…
- Leanann sé á crá leis an gcaint…
- Tá an mhailís ag fás inti…sroicheann an teannas eatarthu buaicphointe nuair a leagann sí a leabhar uaithi agus tugann sí faoi go diongbháilte ag rá leis go bhfuil péist sa cháca…
- Éiríonn Paul níos corraithe fós agus tagann taom giorra anála air…lorgaíonn sé an t-análóir ach tógann Catherine é…tá seisean trína chéile ach ní ghéilleann sí…fágann sí an t-análóir cúpla orlach uaidh agus imíonn sí gan focal a rá…
- An chríoch thragóideach – faigheann Paul bás agus dealraíonn sé nach bhfuil coinsias ar bith aici…

**nó**

**An Lasair Choille**

'Is siombail é Binncheol, an lasair choille, de chruachás na gcarachtar (na bpearsan) sa dráma *An Lasair Choille*.
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 25 marc**

**Treoir:** Ní mór do na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar bheirt de na carachtair (na pearsana), ar a laghad, sa fhreagra.
**Nóta:** Gan ach carachtar (pearsa) amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 18 marc.

**Nótaí tacaíochta**

- Is ógfhear é Séamas atá in aimsir ag an seanfhear Micil atá ina chláiríneach iarratach, maslaitheach…
- Ón tosach tuigimid go bhfuil Séamas faoi bhois an chait ag Micil…caitheann Micil
- go suarach leis – is ar éigean a chloisimid tada uaidh ach orduithe agus maslaí…glacann Séamas go réidh leis an drochíde…
- Tá tuiscint theoranta ag Séamas ar an saol…ceapann sé nach bhfuil aon údar bróin ag Binncheol mar go bhfuil sé 'te teolaí' agus neart le hithe aige…
- Tá a chuid féinmhuiníne scriosta ag Micil a ghlaonn 'amadán' agus 'ceann cipín' air agus a luann na taomanna a bhíonn aige…cáineann Micil go rialta é – 'tá sé chomh maith dom a bheith ag caint leis an tlú'…
- Bíonn Séamas ag freastal ar Mhicil go dílis agus go foighneach: Séamas a thuill an stór airgid sa scilléad ag díol móna…
- Cuireann sé Micil ar ais sa leaba nuair a thiteann sé amach aisti…ullmhaíonn sé an bia don bheirt acu…is sclábhaí Mhicil é…
- Tá Séamas uaigneach – bíonn sé de shíor ag caint le Binncheol…Séamas lagintinneach agus goilleann an easpa féinmhuiníne air…
- Deir sé go bhfuil sé ag smaoineamh ar dhul go Sasana tar éis dó a bheith ag caint leis an mBúrcach…
- Ba mhaith leis rud a dhéanamh ar a 'chonlán féin' a deir sé…ach arís glacann Micil le gach leithscéal chun beag is fiú a dhéanamh de seo – 'níl éirim sciortáin ionat'…
- Creideann Séamas é agus géilleann sé dó: 'tá a fhios agam' a deir sé mar fhreagra ar an masla…
- Ligeann Séamas do Mhicil a smaoineamh a dhéanamh dó agus is é Séamas atá 'mar chosa is mar lámha' ag Micil…
- Braitheann sé nach bhféadfadh sé 'gabháil aon áit. Bheidís uile ag gáirí fúm.'
- Bíonn sé leithscéalach: 'tá aiféala orm…..nach seafóideach an mhaise dhom é'…ach fós tuigimid go mbraitheann sé go bhfuil folús ina shaol…
- Feicimid tuiscint shrianta Shéamais ar a shaol arís nuair a thagann Míoda…ní thuigeann sé cén fáth ar fhág sí baile…ceapann sé go bhfuil Binncheol 'lánsásta anseo'…ní thuigeann sé an chúis nach gcanann an t-éan…níl an t-éan sásta lena shaol mar atá…
- Fiú nuair a deir Míoda gur mór an náire é Binncheol a choimeád i ngéibheann, deir sé nach bhfuil 'sioc ná seabhac' ag cur isteach air mar leithscéal…
- Tuigeann Míoda cad atá ar siúl sa teach sin – go bhfuil máistreacht iomlán ag Micil ar Shéamas… 'chuile shórt a dhéanamh dhósan is gan tada a dhéanamh dhuit féin' a deir sí…Micil ag iarraidh 'searbhónta' a dhéanamh de…

- Is de bharr na hargóna idir Micil agus Míoda a fheiceann Séamas ar deireadh nach bhfuil ó Mhicil ach 'mo chosa is mo lámha…Mo shaol trí chéile'…
- Fós, tá leisce ar Shéamas Micil a thréigean cé go n-admhaíonn sé anois go bhfuil sé tuirseach den áit seo…
- Titeann an lug ar an lag air nuair is léir nach aon iníon iarla í Míoda…rinne sí amadán de ach tuigeann sé freisin gur oscail sí a shúile dó…
- Tá léargas nua faighte aige ar a shaol – gur cláiríneach é Micil ach go bhfuil sé ag iarraidh cláiríneach a dhéanamh de Shéamas freisin – go bhfuil Seamas féin ag coinneáil an éin faoi ghlas 'ionas go mbeidh sé chomh dona liom féin'…
- Scaoileann sé an t-éan saor agus tosaíonn Binncheol ag canadh…
- Creideann Séamas ann féin anois agus tuigeann sé an cumas atá ann - 'ní bheadh a fhios agat céard a tharlódh fós'…faoi féin a bheidh sé amach anseo fanacht le Micil nó bualadh amach sa saol…níl Séamas i ngéibheann a thuilleadh…

**nó**

**(b) Dís**

Déan plé ar an léiriú a thugtar dúinn ar chás agus ar smaointe bhean Sheáin sa chomhrá atá aici lena fear céile sa ghearrscéal *Dís*. **Eolas = 25 marc**

**Treoir:** Cás agus smaointe bhean Sheáin a phlé mar aon le tagairtí cruinne d'imeachtaí an ghearrscéil
**Nóta:** Gan ach gné amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 18 marc.

**Nótaí tacaíochta**

- Níl bean Sheáin sásta leis an saol leamh leadránach atá aici gach lá i mbun obair an tí agus gan aon chomhluadar aici ach leanbh…
- Nuair a thagann Seán abhaile ón obair, téann sé i bhfolach taobh thiar den nuachtán agus is leasc leis labhairt léi…'cuir síos an páipéar agus bí ag caint liom,' a deir sí leis…ní thuigeann sé go bhfuil comhluadar uaithi tar éis an lá ar fad a chaitheamh ag déanamh obair an tí agus ag tabhairt aire don pháiste…measann sí gur tábhachtaí an nuachtán do Sheán ná ise…
- Áiríonn sí í féin mar dhuine den cheathrú cuid de mhná pósta na tíre atá míshona, míshásta dar leis an suirbhé…
- Breathnaíonn sí uirthi féin mar sclábhaí agus nach bhfuil inti ach staitistic, nach bhfuil meas madra ag a fear céile ná ag an tsochaí uirthi…braitheann sí nach bhfuil meas ar an obair tí a dhéanann sí…níl mórán measa ag Seán ar obair an tí…d'fheicfeadh sé urlár salach ach ní thabharfadh sé urlár glan faoi deara…
- Ní thugann Seán aon tacaíocht di – déanann sé beag is fiú di i mbeagnach gach rud a deir sé léi…
- Mothaíonn sí nach mbaineann luach ar bith léi – uaidh sin a thagann an tagairt a dhéanann sí do na mná sa tSín…dhóití an bhean nuair a chailltí a fear céile, dar léi ach ag na hIndiaigh a bhí an nós sin, a deir Seán léi…
- Ba mhaith léi ról a bheith aici lasmuigh den teach (obair cosúil le bean an tsuirbhé) óna bhfaigheadh sí aitheantas agus neamhspleáchas…ba mhaith léi rud éigin a dhéanamh a thabharfadh ardú céime di…
- Tagann díomá uirthi nuair a ritheann sé léi gur bhuail bean an tsuirbhé bob uirthi ag tairiscint na hoibre di…
- Ar deireadh, filleann sí ar an saol coitianta díreach mar a bhí ag tosach an ghearrscéil ach an uair seo tá Seán ina chodladh – ag léiriú níos mó neamhshuime ná riamh inti…

- Is duine leithleach é – ag gearán nach bhfuil ciúnas aige chun an nuachtán a léamh gan aon smaoineamh aige ar an saol leamh leadránach atá ag a bhean sa bhaile…
- Ní thuigeann sé cén fáth ar inis a bhean rudaí príobháideacha faoina saol pósta do bhean an tsuirbhé agus ní mó ná sásta atá sé leis sin…
- Ní thuigeann sé cén fáth a bhfuil sí míshona, míshásta…ní chreideann sé í…
- Nuair a deir a bhean go bhfuil sí ag faire ar obair an tsuirbhé a dhéanamh chun airgead a thuilleamh don sorn nua, breathnaíonn Seán air seo go dímheasúil…bíonn sé buartha faoi cé a thabharfadh aire don leanbh…maslaíonn sé í leis an gcomparáid idir suirbhéireacht agus tincéireacht nuair a deir sí go bhfuil sí chun an leanbh a bhreith léi…
- Titeann Seán ina chodladh ag léiriú a laghad measa atá aige ar chaint agus ar thuairimí a mhná…

**2B. Prós Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).
**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Freagair an cheist thíos ar an scannán roghnach **nó** ar an dráma roghnach.

Maidir leis an **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an scannáin sin. Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an scannáin.
*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

**Eolas = 25 marc**

**nó**

Maidir leis an **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dráma sin. Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dráma.
*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

**Eolas = 25 marc**

**Treoir:** An príomhthéama a ainmniú agus plé a dhéanamh ar fhorbairt an phríomhthéama sin ag baint úsáide as tagairtí cruinne don scannán nó don dráma.

An príomhthéama = **2** mharc
An plé ar fhorbairt an phríomhthéama sin = **23** marc

| Catagóir | Eolas | (23 marc) |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don scannán nó don dráma<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 21-23 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don scannán nó don dráma<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 18-20 |
| **Maith** | Plé maith ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Smaointe agus pointí eolais forbartha go maith | 14-17 |
| **Measartha** | Plé measartha ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 10-13 |
| **Lag/An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 |

**Nóta:** Ní mór don scrúdaitheoir an marc a bhronntar ar an bpríomhthéama as **2 mharc** mar aon leis an marc a bhronntar as **23 marc** ar an bplé ar fhorbairt an phríomhthéama **a shuimiú** agus **an móriomlán** as **25 marc** a chur isteach san áit chuí ar an bpainéal marcála.

**nó**

**(b)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, roghnaigh duine de na carachtair (na pearsana) sa ghearrscéal sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar mheon agus ar iompar an duine sin ó thús deireadh an ghearrscéil.
*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

**Eolas = 25 marc**

**Treoir:** Plé a dhéanamh ar an léargas a thugtar dúinn ar mheon agus ar iompar do rogha carachtair/pearsan ag baint úsáide as tagairtí cruinne don ghearrscéal.
**Nóta:** Gan ach gné amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 18 marc.

| Catagóir | Eolas | (25 marc) | (18 marc) |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar mheon agus ar iompar do rogha carachtair/pearsan<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don ghearrscéal<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 22-25 | 16-18 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar mheon agus ar iompar do rogha carachtair/pearsan<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don ghearrscéal<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 18-21 | 13-15 |
| **Maith** | Plé maith ar mheon agus ar iompar do rogha carachtair/pearsan<br>Smaointe agus pointí eolais forbartha go maith | 14-17 | 10-12 |
| **Measartha** | Plé measartha ar mheon agus ar iompar do rogha carachtair/pearsan<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 10-13 | 7-9 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 | 0-6 |

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

| Ceist 3 | FILÍOCHT | 30 marc |
|---|---|---|

| FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH | 30 marc |
|---|---|

**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** Ceist 3B (Filíocht Roghnach).

**3A. Filíocht Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**(a) Géibheann**

(i) 'Tugtar léiriú dúinn sa dán *Géibheann* ar an gcodarsnacht idir dhá thréimhse éagsúla i saol an ainmhí.' É sin a phlé. **Eolas = 13 mharc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar an tréimhse a chaith an t-ainmhí sna teochreasa agus anois, a shaol agus é teanntaithe sa zú. Gan ach ceann **amháin** den dá thréimhse luaite, marcáiltear an t-eolas as 10 marc.

| Catagóir | An plé | (13 mharc) | (10 marc) |
|---|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith ar an gcodarsnacht idir dhá thréimhse éagsúla i saol an ainmhí | 12-13 | 9-10 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith ar an gcodarsnacht idir dhá thréimhse éagsúla i saol an ainmhí | 10-11 | 8 |
| Maith | Plé maith ar an gcodarsnacht idir dhá thréimhse éagsúla i saol an ainmhí | 8-9 | 6-7 |
| Measartha | Plé measartha ar an gcodarsnacht idir dhá thréimhse éagsúla i saol an ainmhí<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 6-7 | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 | 0-3 |

**Pointí eolais féideartha**

Sa dán seo, tá cur síos ar an dá chineál saoil a bhí ag an ainmhí: saol an ainmhí ina ghnáthóg nádúrtha agus saol an ainmhí i ngéibheann/mar phríosúnach sa zú...

Cuimhníonn sé ar an am nuair a bhí sé saor, cumhachtach agus fiáin…é i gceannas ar a ríocht…an saol ar a thoil aige…ainmhí bródúil, uasal ba ea é…bhí sé i gceannas ar a shaol féin…sna trópaicí, scanraigh sé na hainmhithe eile nuair a lig sé béic as in ard a chinn…bhí sé ar a shuaimhneas ina ghnáthóg dhúchais…é ina rí ar na teochreasa…saol breá an ainmhí agus é ag feidhmiú de réir a nádúir féin san fhiántas…neartmhar/cumhachtach…dínit ag baint lena shaol…an tsaoirse aige ina ghnáthóg nádúrtha…dóchas agus ardú meanman an ainmhí…é sona sásta, bródúil nuair a bhí spás fairsing aige…

Cruachás an ainmhí anois…tá sé tógtha as a thimpeallacht nádúrtha…frustrachas, éadóchas agus tuirse ag baint lena shaol…tá sé taobh thiar de na barraí iarainn sa chás sa zú…é faoi ghlas anois…easpa cumhachta ag cur as dó…tá sé ag brath ar dhaoine eile…ní ligeann na cuairteoirí amach é…níl sé i gceannas ar a shaol féin…déanann an easpa saoirse dochar do spiorad an ainmhí…níl fuinneamh ina chorp anois…é in ísle brí…glacann sé lena chinniúint…

(ii) Tá na focail sa dán i mbéal an ainmhí. Cén éifeacht a bhaineann leis an teicníc fhileata sin sa dán, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**

| Catagóir | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

**Pointí eolais féideartha**

- An scéal díreach ó chroí an ainmhí: músclaíonn sé trua ionainn dá chruachás…
- Déantar pearsantú ar an ainmhí – is féidir linn ionannú níos fearr leis mar sin…
- Toisc go labhraíonn an t-ainmhí go díreach linn, tuigimid a phian agus a chruachás níos fearr…

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.
**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na trí phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart nó mura luaitear ainm an fhile, bronn **0** ar an mír ar fad.
Ainm an fhile = Caitlín Maude = **1** mharc

**Saol**

- Rugadh Caitlín i Ros Muc/i gCasla/i gConamara/i gContae na Gaillimhe
- Rugadh Caitlín in 1941
- Bhain sí céim BA amach ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh…
- Chaith sí tréimhse ag obair i Sasana…
- Bhí sí ina múinteoir/ina haisteoir/ina drámadóir/ina scríbhneoir…
- Bhíodh sí ag aisteoireacht i dTaibhdhearc na Gaillimhe, i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh agus in Amharclann an Damer, Baile Átha Cliath…
- Bhí baint aici le bunú Scoil Santain i dTamhlacht i mBaile Átha Cliath…
- Bhí suim ag Caitlín cearta a fháil do Ghaeilgeoirí sa Ghaeltacht…
- Bhí sí bainteach leis an ngrúpa 'Cearta Sibhialta na Gaeltachta'…
- Bhí páirt Mháire Uí Chathasaigh aici sa chéad léiriú den dráma *An Triail*
- Amhránaí ar an sean-nós ba ea í
- Fuair Caitlín bás in 1982
- Fuair sí bás den ailse

**Saothar**

- Caitlín Maude: dánta
- Caitlín Maude: Dánta, drámaíocht agus prós
- Caitlín Maude: Drámaíocht agus prós
- Scríobh sí an dráma 'An Lasair Choille' (le Micheál Ó hAirtnéide)…
- Scríobh sí an dán 'Treall'…

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**nó**

**(b) An tEarrach Thiar**

(i) 'Sa dán *An tEarrach Thiar*, tá an file ag cuimhneamh siar ar an gcineál saoil a bhí ar a oileán dúchais le linn a óige.' É sin a phlé. **Eolas = 13 mharc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar chuimhní an fhile ar shaol an oileáin agus é óg…

| Catagóir | Plé (13 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 12-13 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Measartha | Plé measartha<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 6-7 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 |

**Pointí eolais féideartha**

Saol traidisiúnta, simplí…feirmeoir ag obair sa pháirc, fear ag bailiú feamainne, na mná ag obair sna locháin agus na hiascairí ag filleadh abhaile sa tráthnóna…nósanna traidisiúnta atá i gceist anseo a thugann léargas dúinn ar an gcineál saoil a bhí aige agus ag na daoine eile ar Inis Mór, an áit a rugadh agus a tógadh an file…is dócha go raibh íomhá sheanaimseartha den áit aige, agus é maoithneach i ndiaidh a bhaile…saol séimh, binn, mall, socair…íomhá d'fhear ag obair sa pháirc ag glanadh créafóige dá spád…an lá meirbh…níl le cloisteáil ach fuaim na spáide…an t-atmaisféar ciúin síochánta…níl aon mháistir ag an bhfeirmeoir ach é féin agus an aimsir…oibríonn sé ar a luas féin…níl strus ar bith le brath…saol cois farraige…bhí muintir an oileáin ag brath go hiomlán ar an nádúr, ar an talamh agus ar an bhfarraige chun iad féin a chothú…radharc eile a bhí coitianta san oileán le linn óige an fhile ná an fear ag iompar feamainne i gcliabh…an fheamainn dhearg ag glioscarnach faoin ngrian ar an trá chlochach bhán…tá loinnir gheal, dhraíochtach ag baint leis an radharc…íomhá de na hiascairí ag rámhaíocht abhaile ag deireadh lae – dath teolaí órga ar an bhfarraige ón ngrian ag dul faoi…sna híomhánna éagsúla, feicimid an duine agus an dúlra ag comhoibriú lena chéile agus an cineál saoil a bhí ar an oileán le linn óige an fhile...saol muinteartha…íomhá de mheitheal bhan ag obair ar an trá

agus iad sna locháin…tá a gcótaí fillte suas acu…a scáileanna le feiceáil thíos fúthu san uisce…is radharc draíochtach síochánta é a chuireann muintearas an oileáin in iúl…íomhá na flúirse – an churach lán d'éisc…cloistear an fhuaim lag fholamh a dhéanann na maidí rámha agus an bád ag druidim leis an tír… is léir go bhfuil grá ag an bhfile don oileán, do na daoine, don obair, do na nósanna agus don chineál saoil a bhí aige ann agus bhí ardmheas aige orthu uilig…is léir gur bhraith sé an cineál saoil sin go mór uaidh agus é imithe ón áit…

(ii) Cén éifeacht atá ag athrá na bhfocal 'San Earrach thiar' ag deireadh gach véarsa, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**
Pointe **amháin** eolais = **5** mharc

| Catagóir | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

**Pointí eolais féideartha**

- Cuireann an file béim ar an líne sin, ar an áit agus ar an séasúr sin trí mheán an athrá…cabhraíonn sé le méid a ghrá don oileán a chur in iúl dúinn…
- Tá ceithre íomhá sa dán agus cruthaíonn an t-athrá ar an líne 'San Earrach thiar' nasc idir na híomhánna agus na véarsaí ar fad sa dán…is cuid dá chuimhní iad na híomhánna seo ar áit áirithe, ag am ar leith den bhliain...
- Tugann sé le tuiscint gur am dóchasach, geal, torthúil é an t-earrach ar an oileán tar éis chruatan an gheimhridh…cuireann an t-athrá béim ar cé chomh tábhachtach is a bhí an t-oileán don fhile…mhothaigh sé go raibh sé ag baile i measc a mhuintire ann...
- Tá an t-athrá cosúil le paidir/le hachainí…is sórt curfá é an t-athrá a chuireann le rithim an dáin…
- Feidhmíonn an t-athrá mar chlabhsúr ar gach véarsa…déanann sé aonad as gach véarsa ach ag an am céanna, tarraingíonn sé sinn ar ais i gcónaí go dtí an téama lárnach – suáilcí an oileáin agus dúil an fhile a bheith ar ais ann...

(iii) Roghnaigh **dhá** cheann de na haidiachtaí a úsáideann an file sa dán. Déan plé ar an tábhacht a bhaineann leo sa dán, dar leat. **Eolas = 7 marc**
**Dhá** aidiacht a ainmniú = **1** mharc + **1** mharc
An plé = **5** mharc

| Plé ar an dá aidiacht | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

**Treoracha:**
Gan ach aidiacht **amháin** luaite agus pléite: déan fiúntas an fhreagra a mheas ach gan dul thar 3 mharc as 5 mharc
**Níos mó ná dhá** aidiacht luaite agus pléite: Blocmharcáil as 5 mharc ar an bplé ar an dá aidiacht is fearr sa fhreagra
**Samplaí d'aidiachtaí sa dán**: Sa gciúineas **shéimh**/**Binn** an fhuaim/an fheamainn **dhearg/Niamhrach** an radharc/Ar dhuirling **bháin**/**Támh**-radharc **síothach**/**Toll**-bhuillí **fanna**/Currach **lán** éisc/Ar **ór**-mhuir **mhall**/San Earrach **thiar**…
Samplaí:
'an fheamainn dhearg': Bhí sé de nós ag na feirmeoirí feamainn a bhailiú le cur ar an talamh mar leasú san Earrach…tá an fheamainn dhearg ag glioscarnach faoin ngrian ar an trá chlochach bhán…tá gach rud geal agus álainn…
'Toll-bhuillí fanna': Cloistear fuaim lag fholamh ó na maidí rámha…fuaim shuaimhneach shíochánta a chruthaíonn atmaisféar séimh agus ciúin sa véarsa, rud a chuireann go mór leis na mothúcháin sa dán; an grá atá ag an bhfile don áit seo…cruthaíonn sé seo an rithim bhreá réidh a shamhlaíonn an file le saol an oileáin go héifeachtach dúinn agus feicimid na hiascairí ag teacht abhaile tráthnóna, a lá oibre déanta…
'Binn an fhuaim': Úsáideann an file aidiacht mholtach dhearfach, is binn í an fhuaim seo ina aigne, níl tada le cloisteáil ach fuaim dhíoscánach na spáide agus an feirmeoir i mbun oibre…baineann binneas, síocháin agus áilleacht leis an íomhá seo…léiríonn an aidiacht seo grá an fhile don saol a shamhlaíonn sé leis an oileán, an saol a bhlais sé féin agus é ag fás aníos ann…
'Currach lán éisc': Tá na hiascairí ag teacht isteach tráthnóna agus a lá oibre déanta acu…taispeánann sé dúinn gur bhain na daoine tairbhe as torthúlacht na farraige timpeall an oileáin…ní raibh ganntanas bia ann mar bhí siad in ann brath ar an bhfarraige…bhí tábhacht ar leith ag baint leis an nádúr timpeall orthu…
Úsáideann an file na haidiachtaí 'támh' agus 'síothach' chun síocháin na háite a chur in iúl dúinn…feicimid muintearas an oileáin…léiríonn sé na mná ag obair le chéile ar an trá nuair atá an taoide imithe amach…tá an íomhá bunaithe ar chuimhní a óige agus is léir gur cheap sé go raibh rud éigin speisialta sa chaidreamh idir na mná agus iad i mbun oibre…

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**3B. Filíocht Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).
**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)**

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an léiriú a thugtar dúinn ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

**Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama = **11** mharc

| Catagóir | Plé (11 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Plé measartha<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

(ii) Cén ghné den dán is fearr leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**

An ghné a lua = **1** mharc
Pointe **amháin** eolais faoin ngné áirithe sin = **4** mharc
**Mar phointe eolais**, ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an ngné sin i gcomhthéacs an dáin agus tagairtí a úsáid do línte cuí an dáin.

| Catagóir | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. **Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc

Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc

**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais

(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)

**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart nó mura luaitear ainm an fhile, bronn **0** ar an mír ar fad.

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**nó**

**(b)**

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.

Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

**Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc

Plé ar fhorbairt an phríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin = **11** mharc

| **Catagóir** | **Plé (11 mharc)** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Plé measartha<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

(ii) Cén mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**
An mothúchán is láidre a ainmniú = **1** mharc
Pointe **amháin** eolais = **4** mharc

| Catagóir | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

(iii) Scríobh síos an teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán.
Tabhair **dhá** phointe eolais as an dán faoin teicníc sin. **Eolas = 7 marc**

An teicníc fhileata a lua = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

| Ceist 4 | LITRÍOCHT BHREISE | 40 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F).

**Treoracha:** Iarrtar ar na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an ráiteas agus eolas/tuairimí a léiriú sa fhreagra agus úsáid a bhaint as samplaí cruinne, téagartha as an téacs. Déantar an freagra a mheas mar aonad agus an t-eolas a mharcáil as 35 marc agus an Ghaeilge san iarracht a mheas as 5 mharc.

| Catagóir | Eolas | 35 marc | 25 marc |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 30-35 | 22-25 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 25-29 | 18-21 |
| **Maith** | Plé maith ar an ráiteas<br>Insint mhaith ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 20-24 | 14-17 |
| **Measartha** | Plé measartha ar an ráiteas<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 14-19 | 10-13 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-13 | 0-9 |

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**4A. An Triail**

Sa dráma *An Triail*, is mór an tionchar atá ag an náire ar an gcaoi a gcaitheann cuid mhaith de na carachtair (na pearsana) leis an gcailín óg neamhphósta, Máire Ní Chathasaigh.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar an tionchar atá ag an náire ar an gcaoi a gcaitheann cuid mhaith de na carachtair (na pearsana) (**beirt**, ar a laghad) leis an gcailín óg neamhphósta, Máire Ní Chathasaigh agus samplaí cruinne, téagartha ón dráma a úsáid mar thacú leis an bplé.
**Nóta:** Gan ach carachtar (pearsa) amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 25 marc.

**Nótaí tacaíochta**
**Bean Uí Chathasaigh**: Duine údarásach, gan aon chaidreamh grámhar aici le duine ar bith dá clann... béim mhór aici ar reiligiún agus ar mheas na gcomharsan...faigheann sí deoch nimhe chun an ghin a mharú… diúltaíonn Máire an deoch a ól…'tá tú ceanndána chomh maith le bheith mígheanmnaí', arsa an mháthair le Máire...lorgaíonn sí ainm an fhir, caithfidh siad pósadh agus dul go Sasana… cuireann sí mallacht ar a hiníon, ag tabhairt 'striapach' uirthi…shíl an mháthair gur thóg sí Máire go creidiúnach agus go críostúil…alltacht uirthi anois – í 'náirithe os comhair na gcomharsan'…'í féin a tharraing an trioblóid uirthi féin'…'ní haon pheaca deireadh a chur le rud neamhghlan - rud a bhí mallaithe ag Dia agus ag duine'...níor thaispeáin Bean Uí Chathasaigh tuiscint nó trócaire do Mháire in am an ghátair…thréig sí a hiníon agus b'éigean do Mháire imeacht ón teach...neamhfhreagracht na máthar i leith a hiníne…diúltaíonn sí dá hiníon ar fhaitíos go mbeadh sí ag tarraingt náire orthu…
**Seán Ó Cathasaigh**: Sceith Seán ar Mháire, ag insint dá mháthair go mbíodh Máire breoite ar maidin…dúirt sé ina fhianaise gur tharraing Máire 'náire shaolta' orthu…'loit sí an saol' orthu… 'chiontaigh sí in aghaidh Dé'…'ba chóir a bheith dian uirthi'…ní raibh sé ach ag breathnú amach dó féin…ní raibh ag cur imní air ach an náire a tharraing sí air…
**Liam Ó Cathasaigh**: Níor chuidigh sé lena dheirfiúr…ba chuma leis gur fhág sé ag an rince í, an áit ar thosaigh a cuid trioblóidí…níor mhian leis go gcuirfí aon phioc den mhilleán air…'ní mise a coimeádaí'…ní raibh a fhios aige cad a tharla ar oíche an rince sa teach scoile…'tá an oíche loite agat orm' a dúirt sé an oíche nuair a fuair siad amach go raibh Máire ag súil le páiste…bhí sé curtha amach toisc nár éirigh leis an teach a fhágáil chun cuairt a thabhairt ar a ghrá geal…
**Pádraig Mac Cárthaigh**: Meallann sé í ag an rince…tagann sé i dtír ar an easpa taithí atá aici ar an saol…thréig sé Máire...ní raibh sé ag an ionad coinne agus níor thug sé cúnamh nó tacaíocht ar bith di…ag deireadh an dráma, Pádraig pósta athuair ach ag tarraingt ar theach an mhíchlú…aithníonn sé Máire ach níl aird ar bith aige ar a iníon 'ní mian liom í a fheiceáil'…tugann sé 'striapach' ar Mháire agus bailíonn sé leis…níl trua ar bith aige do chás Mháire...
**Bean Uí Chinsealaigh**: D'fhostaigh sí Máire mar chúntóir tís ach scaoil sí léi nuair a thug sí faoi deara go raibh sí torrach…bhí sí sásta cúntóir tís a fhostú gan litreacha molta, ach ní ligfeadh sí do chailín óg torrach a bhí neamhphósta fanacht sa teach...'cad a déarfadh na comharsana?'...'cad a déarfadh na mná rialta?'...
**Áine Ní Bhreasail (An tOibrí Sóisialta)**: Chreid sí go láidir gurbh é an socrú ab fhearr ná go rachadh Máire isteach sa teach tearmainn go dtí go saolófaí an leanbh…chuir sí brú ar Mháire an leanbh a chur ar altramas…chuir sí rialacha an chórais i bhfeidhm…mhínigh sí do Mháire an cineál saoil a bheadh i ndán di dá gcoinneodh sí an leanbh agus í neamhphósta…'Ní haon dóichín do chailín óg leanbh tabhartha a bheith aici'…
**Seáinín an Mhótair**: Thuig sé fírinne agus réaltacht an tsaoil…nuair a bhí Máire agus a páiste fágtha ar thaobh na sráide gan lóistín…'Cé a deir gur tír chríostaí í seo?'...ag deireadh an dráma sa reilig, faighimid léargas uaidh ar chruachás Mháire…'bhris sí na rialacha. An té a bhriseann rialacha an chluiche cailltear ann é'…

**Na mná sa teach lóistín**: Léiriú maith ar dhearcadh na sochaí sna seascaidí ar mháithreacha neamhphósta…'í mór inti féin'…'rómhór dá bróga'…'agus gan aici ach leanbh tabhartha'…

**4B. A Thig Ná Tit Orm**

'Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, is tríd an gcuntas ar eachtraí ó óige Mhaidhc a fhaighimid léargas ar shaol an phobail sa Ghaeltacht inar mhair sé.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Ní mór do na hiarrthóirí an cuntas ar eachtraí ó óige Mhaidhc a cheangal le léargas ar shaol an phobail sa Ghaeltacht inar mhair sé.
**Nóta:** Gan aon cheangal idir an cuntas ar eachtraí ó óige Mhaidhc agus léiriú ar shaol an phobail sa Ghaeltacht inar mhair sé, tá an plé easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 25 marc.

**Nótaí tacaíochta**

- Saol simplí a bhí ag Maidhc agus ag muintir an cheantair…sa bhunscoil ba bheag áis a bhí acu taobh amuigh den seomra ranga…an pheil mar chaitheamh aimsire acu…d'imridís peil amuigh ar an mbóthar le liathróid bheag rubair agus clocha 'ag marcáil na mbáidí'…ní bhíodh aon réiteoir i bhfeighil an chluiche…iad slán sábháilte ag imirt ar an mbóthar mar nach mbíodh 'ach fo-chairt is capall' ag gabháil na slí…
- An bochtanas…ní raibh solas leictreach ag daoine ach lampa íle crochta ar an mballa…an tine mhóna…ní raibh ach dhá raidió sa pharóiste, ceann acu i dtigh Mhaidhc agus ceann eile ag an múinteoir scoile, a bhí ag obair ar chadhnraí…ag éisteacht leis an nuacht gach tráthnóna agus lá *an All-Ireland…*daoine bailithe amuigh i ngairdín Mhaidhc ag éisteacht le Micheál Ó hEithir…
- Mar a deir Maidhc féin bhí na daoine in ann a gcuideachta féin a dhéanamh – ag bothántaíocht, ag imirt cártaí, ag seinm ceoil, ag damhsa…insíonn Maidhc faoin traidisiún láidir bothántaíochta a bhí beo le linn a óige…chaithidís oícheanta fada an gheimhridh ag dul go tithe a chéile ag éisteacht le scéalta agus seanchas…thagaidís go tigh Mhaidhc ag éisteacht le scéalta Grae…suim mhór ag daoine i gcúrsaí ceoil…taobh amuigh de cheol ar an raidió bhí gach ceol eile beo á sheinm i dtithe na ndaoine…Cox of Kilcock…an bosca Horner…na ceoltóirí, Seán Ó Domhnaill agus Seán Coughlan…Dainín ag seinm ar mhileoidean…
- Is léir nach raibh mórán cur amach ag na daoine ar cheantair taobh amuigh den Daingean…chuir sé iontas ar na daltaí sa cheardscoil nuair a chuala said Gaeilge Chonamara ag a múinteoir, Mícheál Ó hIarnáin…bhain said sult agus sásamh as bheith ag éisteacht leis an gcanúint a bhí aige…
- Bhí caitheamh toitíní an-choitianta an uair sin i measc na bhfear agus na mbuachaillí…toisc airgead a bheith gann ní raibh na daoine óga in ann toitíní a cheannach agus thosaigh said le buiteanna a bhailiú ón talamh…is iomaí seift a bhí ag Maidhc chun fiacha na dtoitíní a fháil mar shampla an ruaimneach a bhaint d'eireaball capaill agus é a dhíol leis na tincéirí…chonaiceamar Maidhc ag goid uibheacha leis ach bhí droch-chríoch ar an gcleas sin aige…is léir go raibh an dúil sna toitíní an-láidir sna buachaillí…cheap said go raibh said ar dhuine de na fir nuair a bhí toitín sa bhéal acu…fiú sa Daingean agus Maidhc ag freastal ar an gceardscoil théadh sé ag caitheamh toitiní leis na buachaillí eile i dtigh an ghréasaí, Maidhcín Fuacht…
- Bhíodh meas ag na daoine ar an lucht siúil agus ar a gceird…d'inis Maidhc dúinn go mbíodh sé féin is na buachaillí eile ina suí ar an gclaí ag féachaint ar an tincéir ag déanamh rudaí as stán…théadh bean an tincéara ó theach go teach ag díol na n-earraí sin…an léasadh a fuair gach buachaill an lá a caitheadh an scraithín i bpota an tincéara mar dúirt an máistir nach mbeadh an rath ar éinne a chuirfeadh isteach ar an lucht siúil…
- Mhair muintir na háite ar an bhfeirmeoireacht don chuid is mó ach bhí seifteanna eile acu

chun cur leis an teacht isteach…an iascaireacht mhídhleathach mar a fheicimid an lá a thit Dainín san abhainn agus é ag iarraidh breith ar bhradán…bhí píce speisialta déanta aige don tasc mar bhí airgead maith le déanamh as na héisc a dhíol leis na hóstáin sa Daingean…chaith Maidhc go leor oícheanta le comharsa ag tarraingt líontán síos suas an abhainn ag iarraidh breith ar bhradáin… bhíodh fear faire ag coimėad súil amach ar an droichead ar eagla go dtiocfadh na Gardaí Síochána…

- Bhíodh idir óg agus aosta ag súil leis na cúrsaí Gaeilge sa samhradh mar chuiridís go mór le hatmaisféar an cheantair…insíonn Maidhc dúinn faoin scléip a bhíodh ag buachaillí na háite ag tóraíocht cailíní…bhíodh na buachaillí san airdeall ar na mná tí mar a fheicimid san eachtra ghreannmhar nuair a rinne Maidhc iarracht Eibhlín a mhealladh anuas an dréimire…
- Ba mhór an meas a bhíodh ar oideachas…theastaigh ó mháthair agus ó athair Mhaidhc go rachadh sé le múinteoireacht bhunscoile ach ní raibh puinn suime aige féin sna leabhair…b'fhearr leis a bheith ag casadh poirt ar an mbosca ceoil…tháinig said ar chomhréiteach sa deireadh nuair a bhí Maidhc sásta freastal ar an gCeardscoil…siúinéireacht…rásaí na naomhóg…na comórtais pheile…

**4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne**

'Tá léiriú le fáil sa *Tóraíocht* ar Dhiarmaid, fear atá i gcruachás de bharr go bhfuil sé faoi gheasa ag Gráinne agus go bhfuil ceangal dílseachta aige le Fionn.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Ní mór do na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an dá ghné den ráiteas: cruachás Dhiarmada de bharr go bhfuil sé faoi gheasa ag Gráinne agus go bhfuil ceangal dílseachta aige le Fionn.
**Nóta:** Gan ach gné amháin pléite sa fhreagra, tá an plé easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 25 marc.

**Nótaí tacaíochta**

- Is é cruachás Dhiarmada croí an scéil – conas is féidir leis a dhualgas agus a dhílseacht d'Fhionn a chomhlíonadh tar éis do Ghráinne é a chur faoi gheasa…
- Fear coimhdeachta Fhinn é – céim ard san Fhiannaíocht…nuair a chuir Gráinne faoi gheasa é chun éalú léi ó Fhionn, chuir sí Diarmaid i gcruachás doréitithe…
- Bhí Diarmaid uasal sa mhéid is gur leasc leis dul le bean a bhí luaite le Fionn ach ag an am céanna níor fhéad laoch uasal a gheis a shéanadh…
- Is maith is eol do Dhiarmaid an cruachás ina raibh sé – d'iarr sé comhairle ar a chairde Oisín, Oscar, Caoilte, Diorraing…agus dúradar go léir gurbh éigean dó Gráinne a leanúint 'óir is trú choilleas a gheasa' (Oscar)…
- Bhí Diarmaid ag súil go n-athródh Gráinne a hintinn sula raibh sé ródhéanach (sula mbeadh Fionn dúisithe ón deoch suain a thug Gráinne dó)…'Do b'fhearr duit Fionn mac Cumhaill mar leannán agat ná mé féin', a dúirt sé léi…
- Níor ghlac Diarmaid leis na trí rabhadh a sheol a chairde chuige i nDoire Dá Bhaoth mar dúirt sé gurbh fhearr leis dá mbéarfadh Fionn go luath air…
- Ní raibh sé sásta éalú as Doire Dá Bhaoth faoi bhinn bhrat Aonghus an Bhrogha – ní gníomh uasal a bheadh ann…
- Ag tús na Tóraíochta, d'fhágadh Diarmaid píosa feola nó éisc mar chomhartha d'Fhionn nár luigh sé fós le Gráinne…ar deireadh ghéill sé do Ghráinne agus rinne sé bean di…
- An chleasaíocht le Rí-Fhéinithe Mhara nIocht, sárú an tSearbháin Lochlannaigh, marú na naoi nGarbh…ní bheadh ar Dhiarmaid na dúshláin agus na coimhlintí sin a tharraingt air féin murach an gheis a chuir Gráinne air…
- Le linn an chluiche fichille ag an gcaorthainn nuair a cheistigh Fionn an aige féin nó an ag Oscar a bhí an ceart faoi Dhiarmaid a bheith ag barr an chaorthainn, d'fhreagair Diarmaid go macánta gur ag Fionn a bhí an ceart…

- Crógacht Dhiarmada agus é ag fiosrú ghuth an ghadhair…bhí an tseilg sin beartaithe ag Fionn d’aonghnó mar go raibh olc ina chroí do Dhiarmaid fós…nuair a d’inis Fionn an scéal do Dhiarmaid faoi conas a tharla sé go raibh sé faoi gheasa gan seilg muice a dhéanamh, ghlac Diarmaid lena chinniúint agus chuir sé troid go cróga ar an torc: ‘más ann atá i ndán domsa bás d’fháil níl feidhm agam a sheachna’ a dúirt sé…

**4D. Gafa**

Tugtar léiriú dúinn ar andúil an mhic, Eoin, agus ar an gcaoi a dtéann a thuismitheoirí, Eithne agus Breandán, i ngleic leis an bhfadhb sin sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.’
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Ní mór do na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar andúil an mhic, Eoin agus ar an gcaoi a dtéann na tuismitheoirí i ngleic le fadhb a mic, Eoin.
**Nóta:** Gan ach gné amháin pléite sa fhreagra, tá an plé easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 25 marc.

**Nótaí tacaíochta**
- Bíonn idir ionadh agus uafás ar Eithne nuair a thagann sí ar an trealamh drugaí faoi leaba Eoin
- Bíonn Eithne ‘faiteach amhrasach’ – leisce uirthi aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne ar dtús – ceapann sí go mb’fhéidir go bhfuil sé á choimeád do chara…déanann sí an trealamh a shluaisteáil faoin leaba nuair a chloiseann sí Eoin ag teacht in ionad tabhairt faoin scéal a fhiosrú…
- Dealraíonn sé cheana féin nach bhfuil mórán smachta ag Eithne ar Eoin – tá sé sotalach sa tslí a gcaitheann sé léi…ag tabhairt Froggy ar an múinteoir Fraincise agus ag brostú amach arís nuair is léir go bhfuil a dhinnéar réidh aici…
- Tá sé soiléir ag am dinnéir nach bhfuil mórán idirghabhála idir baill na clainne: Breandán ag léamh an nuachtáin, Sinéad ag féachaint ar an teilifís, Eoin ag alpadh siar an bhia d’fhonn éalú amach arís, Eithne ina príosún beag féin ag féachaint orthu agus scamall ar a croí…
- Rún Bhrendáin ar eolas ag Eoin…‘d’fhéadfadh sé an seanleaid a scrios’ lena bhfuil ar eolas aige faoina bhean luí, Amy, agus tá a fhios sin ag Breandán…
- Tá intinn Eithne ciaptha ach ní féidir léi cúis a himní a ligean le Breandán mar gheall ar an easpa cumarsáide atá eatarthu le tamall…tá Breandán mífhoighneach léi nuair a dhéanann sí iarracht labhairt leis…
- Nuair a thagann Eoin isteach ar fiche cúig tar éis a haon an oíche chéanna tá Breandán fuarbhruite ina cháineadh, é sásta nuair nach bhfuair sé boladh an óil óna mhac…creideann Breandán go saonta go raibh Eoin i dtigh a charad ag éisteacht le ceol…
- Ag an mbriseadh lártéarma, tá sé ar intinn ag Breandán bailiú leis go teach a dhearthár…
- Fágtar Eithne chun déileáil le hEoin ina haonar, gan aon rud ráite aici fós faoin trealamh faoin leaba…aon uair a rinne sí iarracht bhí gnó éigin níos práinní le déanamh ag Breandán…
- An oíche sin foghlaimíonn Eithne fírinne an scéil - Eoin sínte thar tairseach agus Eithne ag féachaint ar ‘rian na snáthaide i lúb na huillinne air’…
- Eithne a eagraíonn na seisiúin chomhairleoireachta chomh luath agus is féidir léi agus is í Eithne an t-aon duine atá dáiríre fúthu…
- Tá diúltaithe glan ag Breandán glacadh leis gur andúileach é Eoin…is dócha go bhfuil Breandán ag brath ciontach go raibh sé beag beann ar a chlann le tamall anuas…ní foláir ná go bhfuil tuairim éigin aige freisin go bhfuil Eoin ag ceannach drugaí leis an 150 euro a thugann sé dá mhac gach seachtain chun an rún faoi Amy a choimeád…

- Ar ndóigh níl a fhios ag Eithne go bhfuil greim scornaí ag Eoin ar Bhreandán…tá Eithne ag déanamh a dícheall ach ta sí dall ar an gcúbláil agus ar an bhféinchosaint ata ar siúl ag a mac agus ag a fear…
- Bíonn Eithne ar buile le Breandán mar ní thugann sé aon tacaíocht di – é ag déanamh beag is fiú den scéal ag rá gur bhaineadar go léir triail éigin as drugaí agus iad óg…
- I ndáiríre bíonn Eoin sáite níos doimhne i scéal na ndrugaí ná mar is eol dá thuismitheoirí agus é ina fhear tánaisteach ag Cillian atá ina dhíoltóir…
- Faoin Nollaig bíonn an meatadón á ghlacadh ag Eoin in ionad na hearóine…
  Bíonn Eithne fós san airdeall ag coimeád súile ar Eoin cé gur fhoghlaim sí ón gcomhairleoir chun na nithe beaga a ligean le sruth…bíonn Breandán fós ag gabháil ar aghaidh ar nós cuma leis
- Lá deireanach de na scrúduithe Nollag, áfach, éiríonn idir Eithne agus Eoin…eisean mífhoighneach faoin gceistiúchán atá á dhéanamh ag a mham air agus ise ar buile faoina dhrochmheon…buaileann sí ar an leiceann é…
- Eithne 'ina haonar ar an uile bhealach' mar bíonn Breandan giorraisc léi…gan aon spéis ag Breandán aon rud a dhéanamh ina teannta…
- Ní fhilleann Eoin abhaile in aon chor an oíche sin agus níl Breandán sa bhaile ach oiread ach é in ainm is a bheith ag fanacht i dteach Joe…
- Faoin am a fhilleann Breandán an mhaidin dár gcionn tá Eithne trína chéile ar fad toisc nach bhfuil tásc ná tuairisc ar Eoin…cur i gcéill Bhreandáin…
- Titeann an lug ar an lag ag Breandán nuair a thugann sé aghaidh ar Eoin sa seomra codlata…tá Eoin dána agus dúshlánach…tá Breandán briste, a mhac ina andúileach cruthanta agus a fhios aige go maith gurb é féin, cuid mhaith, is cúis leis an tsáinn ina bhfuil sé féin…

**4E. Canary Wharf**

'Sa scéal *Saineolaí Teicneolaí*, cuireann an comhrá aisteach atá ag Ultan le fear na féasóige ar an traein tús le sraith imeachtaí a bhfuil deireadh tubaisteach leo.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Ní mór do na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an dá ghné den ráiteas: an tsraith imeachtaí agus an deireadh tubaisteach atá leo.
**Nóta:** Gan ach gné amháin pléite sa fhreagra, tá an plé easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 25 marc.

**Nótaí tacaíochta**
- Bhí Ultan amhrasach faoin 'seanleaid 'neamhshofaisticiúil ó thosach…
- Bhí Ultan claonta ina choinne - seaicéad caite air – ní raibh sé gléasta go slachtmhar cosúil le hUltan féin…
- Fear na féasóige a chuaigh i mbun comhrá le hUltan ar dtús ag fiafraí de an raibh sé ag freastal ar an gcomhdháil…
- Ní raibh aon fhonn rómhór ar Ultan labhairt leis an strainséir ach níor theastaigh uaidh a bheith drochbhéasach…chomh maith leis sin, d'éirigh go maith lena athair féin sa saol gnó trí bheith cairdiúil agus cainteach…
- Léirigh fear na féasóige amhras faoi thairbhe a leithéid de chomhdháil, rud nach raibh Ultan ar aon intinn leis fúithi...
- Luaigh an strainséir an baol a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis na bogearraí a gheobhaidís saor in aisce ag an gcomhdháil…'Capall na Traoi' a thug sé orthu – ag bailiú eolais ó do ríomhaire faoi do ghnó i ngan fhios duit agus á sheoladh ar ais go dtí an fhoinse láir…
- Níor chreid Ultan é sin ar dtús – bhí iontaoibh aige as lucht eagair na comhdhála…

- Labhair an strainséir faoin mbaol a bhain le hearraí a cheannach ar líne, fiú píotsa – nuair a líonann tú sonraí do chárta creidmheasa isteach…seans gur suíomh bréagach atá ann agus coirpeach éigin ag ransú trí do chuid sonraí bainc…
- Chreid Ultan go raibh suiteáil shaincheaptha aige ar a ríomhaire chun a leithéid a chosc…
- Thaispeáin fear na féasóige ar ríomhaire Ultain chomh héasca is a bhí sé comharthaí craolacháin meaisíní daoine eile ar an traein a aimsiú…ní raibh criptiúchán ceart ach ag beirt as deichniúr…
- Bhí cuma eolach ar an tslí ar labhair an strainséir…mheas sé nárbh fhada go mbeifí in ann gluaiseachtaí an daonra a leanúint leis na hionchlannáin fo-chraicneacha a chuirfear ar dhaoine…
- Mheas Ultan go raibh an fear aisteach go háirithe nuair nach bhfaca sé é ag an gcomhdháil tar éis dó a rá go raibh sé chun freastal uirthi…
- Baineadh geit as Ultan nuair a bhí gach rud sa phaca fáiltithe díreach mar a bhí ráite ag fear na féasóige…
- Thosaigh Ultan ag seachaint na teicneolaíochta tar éis dó filleadh ón gcomhdháil…
- Cheannaigh sé nuachtán in ionad é a léamh ar líne…
- Bhain sé an cadhnra as an bhfón póca, as an *Blackberry* agus as an *iPod* mar ní raibh iontaoibh aige astu a thuilleadh…
- Níor ordaigh sé bia ar líne cé nach raibh tada sa chuisneoir…
- Bhain sé an cadhnra as zaipire na teilifíse…
- Níor thóg sé a charr ón ngaráiste mar ghléas cianrialaithe eile a bhí i gceist…
- Bheartaigh sé carr clasaiceach (seanfhaiseanta) a cheannach de bharr na teicneolaíochta go léir atá sna cairr nua-aimseartha…
- Chum sé oideas frithvíreas nua dá ríomhaire…
- Theastaigh uaidh ‘bolgóid shábhailteachta a chruthú mórthimpeall air féin an oiread agus ab fhéidir leis’…
- Lá amháin, chonaic sé a athair i gcomhluadar fhear na féasóige ar an tsráid…cheap sé go raibh a athair i mbaol uaidh…
- Mhínigh rúnaí a athar dó go raibh fear na féasóige fostaithe ag a athair…
- Ag an am céanna, fuair Ultan amach gur tugadh a athair go dtí an t-ospidéal de bharr taom croí… chuir Ultan an locht ar fhear na féasóige ina aigne féin…
- Bheartaigh Ultan ruathar a thabhairt faoi fhear na féasóige lasmuigh dá bhloc árasáin…bhuail sé buille sa cheann dó le mála mór min choirce…
- Nuair a tháinig biseach ar a athair, d’fhoghlaim Ultan gurbh é fhear na féasóige a shábháil é mar gur chuir sé fios ar an otharcharr…
- Anois bhí fear na féasóige féin go dona tinn san ospidéal le fuil ar an inchinn tar éis an bhuille ó Ultan…
- Baineadh geit as Ultan ar chloisteáil dó go raibh fear na féasóige ag obair ar chóras cosanta do chomhlacht a athar chun iad a chosaint ar na coirpigh a bhriseann isteach ar na ríomhairí chun eolas a ghoid…

**4F. Dánta Breise** – **Fill Arís**

Freagair (i), (ii) agus (iii).

(i) Cad é príomhthéama an dáin *Fill Arís*, dar leat? Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. **Eolas = 19 marc**
An príomhthéama a ainmniú = **2** mharc
Plé ar fhorbairt an phríomhthéama = **17** marc

| Catagóir | Eolas | (17 marc) |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don dán<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 15-17 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don dán<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 12-14 |
| **Maith** | Plé maith ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí ábhartha, téagartha don dán | 9-11 |
| **Measartha** | Plé measartha ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 6-8 |
| **Lag/An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 |

**Nótaí tacaíochta**

Príomhthéama(í)

- Filleadh ar dhúchas agus an tslí is fearr chun é sin a dhéanamh…
- Chun teacht ar do nádúr fíreannach, caithfidh tú filleadh go hiomlán ar do dhúchas féin…
- An deighilt idir cultúr agus teanga an Bhéarla agus meon dúchasach na Gaeilge…
- An choimhlint in aigne an fhile idir an Ghaeilge agus an Béarla…
- Grá an fhile don Ghaeilge agus an dochar, dar leis, a dhéanann tréigean na Gaeilge don Éireannach…
- Is iad an Ghaeltacht agus an Ghaeilge croílár an chultúir Ghaelaigh…
- Tá an duine iomlán le fáil i measc a mhuintire féin ag labhairt a theanga dhúchais…

Forbairt

- Baineann an file feidhm as teicnící áirithe chun an príomhthéama a fhorbairt.
- Tá siombail an aistir sa dán…is aistear spioradálta é ón gcultúr gallda go torthúlacht an chultúir Ghaelaigh…fágann sé Gleann na nGealt (an teorainn idir an Ghaeltacht agus an Ghalltacht) ina dhiaidh agus tugann sé aghaidh ar Ghaeltacht Chorca Dhuibhne…is meafar é Gleann na nGealt don teorainn idir cultúr na Gaeilge agus cultúr an Bhéarla…
- Baineann an Ríordánach úsáid as an stair ag tús an dáin…is siombail é Cath Chionn tSáile den chor cinniúna a tharla don Ghaeilge mar thosaigh sí ag meath as sin amach…
- Mar sin caithfidh na Gaeil dul ar an aistear seo siar go dtí an Ghaeltacht chun teacht ar a gcultúr is ar a meon ceart, dar leis…ní féidir leis an bhfile é féin a léiriú i gceart i saol an Bhéarla…
- Baineann sé feidhm as meafair i rith an aistir…beidh ‘an t-ualach trom’ is ‘an bóthar fada’…
  beidh sé deacair cultúr an Bhéarla a chaitheamh díot agus do chultúr féin a athaimsiú…
  Beidh ort ‘srathar shiabhaltacht an Bhéarla’ a scaoileadh de d’aigne…sé sin le rá go bhfuil tú faoi smacht ag cultúr an Bhéarla agus caithfidh tú tú féin a shaoradh uaidh sin…caithfidh tú filleadh ar ‘do chuid’ – an cultúr is dual nó is nádúrtha duit…caithfidh tú d’aigne is do theanga a ghlanadh de na struchtúir theanga nach n-oireann di mar tá do theanga tar éis dul i bhfostú ‘i gcomhréiribh ‘bhí bunoscionn le d’éirim’…nílimid in ann sinn féin a chur in iúl i gceart i mBéarla, dar leis an bhfile…feictear don Ríordánach gur peaca í do mhuintir na hÉireann cúl a thabhairt dá ndúchas

agus dá dteanga…mar sin, caithfidh siad faoistin a dhéanamh chun síocháin a dhéanamh lena gcultúr féin…ordaíonn sé dúinn dul 'faobhar na faille siar' go Corca Dhuibhne…tá an Ghaeilge imeallaithe sna háiteanna Gaeltachta in iarthar na tíre…

- Cruthaíonn an file íomhánna rómánsacha den Ghaeltacht 'tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne', 'bun na spéire' agus 'Dún Chaoin fé sholas an tráthnóna'…tá sé ag iarraidh sinn a mhealladh siar go dtí an áit is ansa leis féin, Corca Dhuibhne…
- Má ghlacaimid lena chomhairle, beidh rath ar an nGaeilge arís…beidh sí á labhairt go forleathan agus gramadach na teanga 'ag ráthaíocht' mar scoil iasc…
- Seasann an meafar deireanach sa dán, 'do dhoras' don bhealach isteach atá ag an Éireannach chun teacht ar an bhfíor-Éireannach ann féin, 'do chló ceart'…

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú: **Eolas = 7 marc**

Sin é do dhoras,
Dún Chaoin fé sholas an tráthnóna,
Buail is osclófar
D'intinn féin is do chló ceart.

| Catagóir | Marc as 7 |
|---|---|
| Sármhaith | 6-7 |
| An-mhaith | 5 |
| Maith | 4 |
| Measartha | 3 |
| Lag/An-lag | 0-2 |

**Míniú:** Is é dul siar go Corca Dhuibhne an eochair go dtí do chultúr féin…ní gá duit ach dul ann agus tiocfaidh tú ar do chruth ceart fírinneach…beidh tú dílis duit féin agus i do dhuine comhlíonta mar beidh tú ag cleachtadh do chultúir agus do theanga féin…

(iii) Tá an dán seo lán le horduithe. Cén éifeacht a bhaineann leis an Modh Ordaitheach a bheith á úsáid sa dán, dar leat? Is leor **dhá** phointe eolais. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra. **Eolas = 9 marc**

Is leor **dhá** phointe eolais. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.
Pointe Eolais 1 (an pointe eolais is fearr) = **5** mharc
Pointe Eolais 2 = **4** mharc

| Catagóir | Marc as 5 | Marc as 4 |
|---|---|---|
| Sármhaith | 5 | 4 |
| An-mhaith | 4 | 3 |
| Maith | 3 | 2 |
| Measartha | 2 | 1 |
| Lag/An-lag | 0-1 | 0 |

**Nótaí tacaíochta**

- Tá an Modh Ordaitheach le feiceáil tríd an dán ar fad, fiú sa teideal 'Fill Arís'. Gríosaíonn an file sinn le 'fág', 'dún', 'nigh', 'dein faoistin', 'ná tréig', 'téir', 'buail'…is briathra láidre iad agus déanann siad teachtaireacht an dáin níos láidre agus níos pearsanta…
- Tugann an Modh Ordaitheach le tuiscint nach dtugtar rogha dúinn…tá an file diongbháilte go gcaithfimid dúiseacht ón gcultúr gallda agus filleadh ar ár ndúchas…cuireann an Modh Ordaitheach práinn in iúl…impíonn sé orainn glacadh lena chomhairle gan mhoill…
- Léiríonn na horduithe seo go bhfuil an file paiseanta i dtaobh na Gaeilge…'dein síocháin led ghiniúin féinig/Is led thigh-se féin is ná tréig iad' agus dímheasúil i leith an Bhéarla…'Dún d'intinn ar ar tharla /Ó buaileadh Cath Chionn tSáile'…
- Cuireann na braithra sa Mhodh Ordaitheach ina luí orainn go mba chóir dúinn teanga na Gaeilge a aimsiú…

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith:

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirtear línte corracha cothrománacha faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge:**

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

Cuirtear **An Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- An Chluastuiscint: Gaeilge (0 - 3 mharc)
- Páipéar 1: An Cheapadóireacht – An Cumas Gaeilge (80 marc)
- Páipéar 2: Ceist 2: Prós Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 3: Filíocht Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 4: Litríocht Bhreise – An Ghaeilge (5 mharc)

Ní mór don scrúdaitheoir an tsiombail anótála '**SMM'** a chur ar Pháipéar 1 ag tús na Cluastuisceana, Cuid A, agus ar chlúdach Pháipéar 2 nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe.